Straitéis Náisúnta Tírdhreacha d'Éirinn

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

PÁIPÉAR UM CHOMHAIRLIÚCHÁN AR CHEISTEANNA STRAITÉISE

Meán Fómhair 2011

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

ÁBHAR

Achoimre Fheidhmeach

Réamhrá

1.0 Comhthéacs agus Ollbhreathnú ar an Straitéis

1.1 Cad is Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ann?
1.2 Cad chuige Straitéis Náisúnta Tírdhreacha a bheith á forbairt in Éirinn anois?
1.3 An tírdhreach athrach agus úsáidí athracha
1.4 Conas a chuirfidh Straitéis Náisúnta Tírdhreacha feabhas ar na bealaí reatha um bainistíocht ár dtírdhreacha?
1.5 Cé na bealaí in n-oibreoidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha?
1.6 Measúnú an Chreata Tírdhreacha agus na Tréithíochta Tírdhreacha
1.7 Bainistíocht agus pleanáil tírdhreach ardcháilíochta

2.0 Múnlú ár dtodhchaí leis an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha

2.1 Spriocanna ardleibhéil agus Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa
2.2 Sainspriocanna le tacaíocht a thabhairt do spriocanna ardleibhéil na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha

3.0 Forbairt Meicníochtaí d'Fheidhmiúchán na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha

3.1 Céimeanna feidhmíúcháin
3.2 Spriocanna feidhmiúcháin
3.3 Creat feidhmiúcháin agus monatóireachta

Gluais téarmaí

Aguisín I Téacs Choinbhinsiúin Tírdhreacha na hEorpa agus faisnéis mhínithe
Aguisín II Ballraíocht Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Ag teacht lenár síniúchán agus le daingniúchán Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, tá tiomantacht ag Éirinn Straitéis Náisúnta Tírdhreacha a sheachadadh. Lena chois sin, tá dlúthghaol idir rath ár gcuid eacnamaíochta agus a fheabhas a dhéanaimid bainistíocht ar ár gcomhshaol. Mar shampla, braitheann turasóireacht ar thírdhreacha ardcháilíochta agus braitheann comhshaoil thógtha agus coda áirithe breisluacha arda de thionscail an bhia ar 'íomhá glas' na hÉireann do bhuntáiste iomaíochta

Thosaigh próiseas tiomsaithe na Straitéise seo nuair a bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Straitéis Náisúnta Tírdhreacha agus painéal níos leithne comhairliúcháin, a cumascaíodh ansin. Aithníodh agus táblaíodh na ceisteanna. D'fhorbair an próiseas trí thrí ghrúpa fócais a chur le chéile: ar pholasaí, anailís tréithíochta tírdhreacha, agus comhairliúchán / rannpháirtíocht phoiblí. Bhí ionadaithe ó ghníomhaireachtaí, institiúidí agus ranna rialtais agus eagraíochtaí neamh-rialtasacha a d'fhreagair don chéad ghairm, chomh maith le hionadaithe eile stáit a measadh ról a bheith acu i mbainistíocht, pleanáil agus cosaint an tírdhreacha.

Déanfar an doiciméad seo, atá curtha thart do chomhairliúchán poiblí faoi láthair, a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta ar an gcleachtadh seo a bheith críochnaithe. Tá sé i gceist an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha a chur faoi bhráid an Rialtais le breithniú in 2012.

RÉAMHRÁ

Tá athruithe brostaithe ar thírdhreach na hÉireann feicthe sa chéad deich mbliana den aonú haois is fiche. De bhun forbartha suntasach ó na 1990aí déanacha tá athruithe ar lonnaíochtaí, ar phatrúin iompair agus ar an mbonn tionsclaíochta, talmhaíochta agus eacnamaíochta, a d'athraigh ina thuras cothromaíocht thraidisiúnta an phobail uirbigh / thuaithe. Tá feasacht fhorásach ar éifeachtaí athraithe aeráide tar éis fócais níos láidre a chruthú ar luach agus ar shuntas an tírdhreacha náisiúnta mar shuíomh agus mar acmhainn fhisiciúil, eacnamaíochta agus cultúrtha atá somhilte ag athrú. Éilíonn an tírdhreach bainistíocht ghníomhach má táimid leis na hacmhainní seo a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe.

Tá athruithe dá leithéid ar siúl ar fud tírdhreacha na hEorpa agus i mórán den saol mór. Glacadh le Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa in 2000 (déanta i bhFlórans ar an 20 Deireadh Fómhair 2000) mar uirlis nua ag Comhairle na hEorpa le treoir a thabhairt do bhainistíocht, pleanáil agus cosaint thírdhreacha uile na hEorpa. Tá Éire ina sínitheoir ar an gCoinbhinsiún seo.

Leagann an doiciméad seo amach aidhmeanna agus spriocanna na hÉireann maidir le tírdhreach agus cuireann i suíomh é i gcomhthéacs na straitéisí, na bpolasaithe agus na spriocanna atá ann cheana féin chomh maith le creat Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa.

Ní mór aighneachtaí ar ábhar agus scóp an doiciméid seo a dhéanamh i scríbhinn agus iad a bheith marcáilte "Páipéar um Cheisteanna Straitéise" agus iad a sheoladh chuig : Mr Paul McMahon, An Rannóg Polasaí um Oidhreacht Thógtha agus Ailtireachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman. Is féidir aighneachtaí a chur isteach ar r-phost chomh maith ag an seoladh: nls@ahg.gov.ie agus iad a bheith marcáilte "Páipéar um Cheisteanna Straitéise" i réimse ábhair an r-phoist.

1.0 COMHTHÉACS AGUS OLLBHREATHNÚ AR AN STRAITÉIS

1.1 Cad is Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ann?

Beidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ar cheann de thacair de straitéisí náisiúnta ag áireamh na Straitéise Spásúlachta Náisiúnta (2002-2020) agus na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide (2007-2012), iad uile faofa ag an Rialtas, a leagann amach cosán i dtreo forbartha inbhuanaithe agus bainistíochta ár n-acmhainní - daonna agus nádúrtha - náisiúnta.

Limistéar is ea tírdhreach, mar a fheictear do mhuintir na háite, go bhfuil a thréithe ina dtoradh ar ghníomhaíocht agus idirghníomhaíocht fhachtóirí nádúrtha agus/nó daonna.

Tá tírdhreach na hÉireann – agus gach aon tíre eile – ag athrú, den chuid is mó de bhun ról an duine. Mar atá béimnithe ag Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, is gá an chothromaíocht chuí a lorg idir bhainistíocht, pleanáil agus cosaint tírdhreacha. Beidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ina chreat leis an gcothromaíocht seo a bhaint amach. Déanfaidh sí:

- Tábhacht na dtírdhreacha uile in Éirinn a aithint
- Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa a fheidhmiú in Éirinn
- Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn
- An comhshaol a fheabhsú agus a chosaint

Creat pholasaí is ea an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha a múnlaíodh do na críocha ar leith atá leagtha amach thuas. Bíonn éifeacht ag tírdhreach ar gach aon duine agus trasnaíonn sé treorainneacha gach aon chineál polasaí poiblí, geall leis. Tá an tsochaí, an eacnamaíocht agus ár gcomhshaol fisiciúil idirspleách: nuair a athraíonn ceann bíonn éifeacht aige ar an gcuid eile. Déanfaidh an Straitéis comhardú ar éifeacht níos mó iliomad córas riaracháin agus teicniúla ar a bhfuil dualgas aire a thabhairt don talamh agus dá hacmhainní, agus don tsochaí sibhialta agus na leasa gnó a oibríonn i dtreo na sprioc sin.

Is aidhm don Straitéis Náisúnta Tírdhreacha bainistíocht inbhuanaithe ar athrú ag a mbíonn éifeacht ar an tírdhreach: ní hé is aidhm di caomhnú nó "reo" a dhéanamh ar an tírdhreach ag pointe áirithe dá héabhlóid leanúnach

Ní chiallóidh an Straitéis síneadh ar rialáil phleanála na n-údarás áitiúla go réimsí lasmuigh de réimeas na reachtaíochta reatha, ná ní chuirfidh sí srianadh ar chearta maoine. Níos tábhachtaí fós, níl sé i gceist ag an Straitéis an tírdhreach a 'chosaint' ar aon duine, go háirithe orthu sin gur leo é, a dhéanann bainistiú air nó a úsáideann é.

Le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár dtírdhreach beidh orainn athrú a dhéanamh ar an mbealach ina dhéanaimid bainistíocht ar na comhdhéantasaigh éagsúla atá ann. Éileoidh sé chomh maith go nglacfadh gach aon duine freagracht as a thionchar féin ar an tírdhreach atá againn i bpáirt lena chéile ar mhaithe leis an sochar a eascrann ó chomhshaol sláintiúil – tig le tírdhreacha ar a ndéantar bainistíocht inbhuanaithe soláthar a dhéanamh dúinn ar shaibhreas eacnamaíochta, sainiúlacht, sláinte, bithéagsúlacht, buntáistí iomaíochta agus braistint láidir féiniúlachta.

1.2 Cad chuige Straitéis Náisúnta Tírdhreacha a bheith á forbairt in Éirinn anois?

Tá Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa (2000) Chomhairle na hEorpa sínithe agus daingnithe ag Éirinn, i gcomhpháirt le ceithre thír is tríocha eile. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an 1ú Márta 2004. Cuireann sé ceangal orainn cineálacha áirithe athruithe polasaí agus sprioc maidir le tírdhreach a fheidhmiú. Tá téacs Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa san aguisín.

An Straitéis Náisúnta Tírdhreacha an fheithicil a bheidh ag Éirinn do ghéilliúntas don Choinbhinsiún. Tá spriocanna molta lenár gceanglas a chomhlánú dréachtaithe sa doiciméad comhairliúcháin phoiblí seo. Éilíonn an Coinbhinsiún chomh maith go ndéanfaimis sainmhíniú ar 'tírdhreach' inár ndlíthe. Tá an sainmhíniú seo tugtha in Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2010 (Uimh. 30 de 2010).

Sprioc ardleibhéil 1

'tírdhreach' a shainmhíniú sa dlí

San am céanna ní mór dúinn oibriú i dtreo ár dtiomantas faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus phrótacail na Náisiún Aontaithe lena chinntiú go leanaimid rian d'fhorbairt inbhuanaithe. Tá mórán treoir AE, nach mór a thrasuí go dlí na hÉireann agus atá á bhforfheidhmiú go dian, ceaptha le laghdú a dhéanamh ar thionchair dhíreacha ar an

gcomhshaol, agus tá polasaithe eile AE spriocdhírithe ar thionchair ionchasacha ar an gcomhshaol. Cabhróidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha le hÉirinn géilleadh d'éilimh AE agus na Náisiúin Aontaithe go ndéanfaí forbairt inbhuanaithe a chothú.

Ar a shon sin, níor ceapadh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha díreach le géilleadh d'oibligeáidí i leith daoine eile. Tá feasacht forásach ann ar thírdhreach a bheith ina fhócas fíorthábhachtach do dhaoine agus don bheatha daonna: is ann a thagann daoine, sochaí, eacnamaíocht, stair, féiniúlacht agus acmhainní nádúrtha le chéile agus dá bhrí sin ba chóir luach a chur air inár ár gcomhphróisis déanta cinnidh.

Tá mórán tírdhreacha éagsúla tugtha dúinn ag éagsúlacht geolaíoch an oileáin, agus tá cáil idirnáisiúnta ar chuid díobh as a gcáilíochtaí aeistéitiúla. Tá tírdhreacha comhdhéanta de mhórán eilimintí fisiciúla agus spioradálta, agus d'fhachtóirí eacnamaíochta agus sóisialta. Corpraíonn tírdhreacha ár gcomhchuimhne, tugann siad comhthéacs dár dteanga agus soláthraíonn siad suíomh dár mbeatha. Ar scála níos mó tá ár mbraistint féiniúlachta tíreolaíochta múnlaithe ag ár saol mar oileán Atlantach idir mhór-roinn agus farraige mhór, rud a thugann sainiúlacht ar leith d'fhéiniúlacht thírdhreacha na hÉireann. Athraíonn aireachtáil shochaí ar a tírdhreach le himeacht aimsire, de réir mar a athraíonn an gaol idirspleách idir an pobal agus an tírdhreach. Tugann imirce, inimirce agus turasóireacht míniúcháin nua don tírdhreach – mar shampla, aithnítear go bhfeictear tírdhreach na hÉireann ar bhealaí áirithe do chuairteoirí agus do shliocht imirceach araon.

Cumasc dinimiciúil de chomhdhéantasaigh is ea tírdhreach. Athraíonn na heilimintí ar leith, beag agus mór, agus athghineann siad ag freagairt do na tionchair ag timthrialla nádúrtha, teagmhais aimsire, uisce agus aeráide, agus fachtóirí eacnamaíochta maidir le talmhaíocht, tionsclaíocht, fuinneamh, iompar, lonnaíocht agus turasóireacht. Mura ndéantar iníor nó bearradh ar pháirc fásfaidh crainn. Má éiríonn cineál amháin talmhaíochta neamh-inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta stopfaidh sé agus tiocfaidh fiontar eile tuaithe ina áit, mar fhoraoiseacht, barraí fuinnimh nó feirmeacha gaoithe. Tá an tírdhreach ina mhairimid éagsúil leis an gceann inar mhair ár dtuismitheoirí agus ár sinsear. Bíonn éifeacht ag an mbealach ina dtagann éabhlóidiú air ar an mbealach in n-athraíonn pobail – agus a gcultúr. Tig linne mar shochaí cabhrú le hathruithe ar an tírdhreach amach anseo ag brath ar ár ngníomhaíochtaí agus ar ghníomhaíochtaí na nglún atá le teacht agus ar athruithe ar phatrúin na haimsire agus na haeráide. Maidir leis seo, tá bainistíocht, pleanáil agus cosaint ghníomhach ar ár dtírdhreach ina bhuneilimint sa Straitéis seo agus ina feidhmiúchán.

Tá breis is 70,000 ciliméadar cearnach i dtalamh na hÉireann, agus talamh talmhaíochta is ea thart ar cheithre mhilliún heicteár de sin, sliabh, portach móna, foraois agus lonnaíochtaí is ea an chuid eile. Ar a fud uile tá sreabh-uiscebhealaí agus tá cóstaí thart timpeall air - 2,797 km nó mar sin ar a fhad agus farraigí. Tá an chuid is mó den tírdhreach talmhaíochta agus mórán den talamh sléibhe ina maoin phríobháideach. Cad uime mar sin, gur cheart é féin agus a bhainistíocht a bheith tábhachtach dóibh siúd nach leo é, ná maireann ann nó nach mbaineann slí bheatha as? Tá an freagra in athruithe aireachtála agus i luas athraithe fisiciúla, atá ag géarú ó dhéanach san fhichiú haois.

Sprioc Ardleibhéil 2

Méadú a dhéanamh ar fheasacht phoiblí faoi thírdhreach, ag áireamh naisc idir acmhainní na talún agus leagan amach an tírdhreacha agus sláinte fhisiciúil, eacnamaíochta, agus siceolaíochta a muintire

1.3 An tírdhreach athrach agus úsáidí athracha

Ó tugadh isteach í, geall le 6,000 bliain ó shin, tá múnlú déanta ag an talmhaíocht ar thírdhreach uile geall leis na hÉireann. I gcaitheamh an ama sin d'athraigh athruithe i gcleachtais fheirmeoireachta cruth agus tréithíocht áiteanna, de réir a chéile uaireanta agus de gheit uaireanta eile. Déanta na fírinne, múnlaíodh mórán den tírdhreach a bhfeicfí mar radharcra tipiciúil na hÉireann nó a bheith álainn ag gníomhaíocht talmhaíochta leis na cianta – mar shampla, Breacachan na bpáirceanna críochaithe ag díoga, fálta sceach nó ballaí cloiche uaireanta le heallach nó caoirigh ag iníor ar a bhfud. Ar a shon sin le caoga bliain anuas tá tosaithe ag gníomhaíochtaí eile daonna ar theacht suas le feirmeoireacht mar múnlóirí na talún.

Dála an choda eile den Eoraip, is cuid níos lú den daonra agus den eacnamaíocht anois iad feirmeoirí agus feirmeoireacht agus tá breis forásach ar líon na ndaoine a mhaireann agus a oibríonn i lonnaíochtaí. Baineann daonraí uirbithe úsáid as agus tuigeann siad don tírdhreach ar bhealaí éagsúla. Tá siad ag dréim le radharcra, taitneamhachtaí agus an nádúr - an dearcadh cúng ar 'thírdhreach' - chomh maith le bia. Feictear an taobhtíre dóibh mar rud ar leithligh chomh maith, rud speisialta go minic, mar chumhdaíonn sé mórán den ní a thuigtear a bheith sainiúil dár gcultúr. Ar a shon sin, is minice tírdhreacha tuaithe ina radharcraí agus ina dtírdhreacha oibre araon

Is é fírinne an scéil ná go dtig le tírdhreach cóiríocht a dhéanamh, agus go leanfaidh sé de sin, do mhórán úsáidí agus feidhmeanna eacnamaíochta agus comhshaoil, agus mar shochaí is gá dúinn cóiríocht a dhéanamh do mhórán aireachtála éagsúla ar an tírdhreach

Tá sochaithe daonna agus eacnamaíochtaí idirspleách: is gá lonnaíochtaí uirbeacha do chónaitheoirí tuaithe agus a mhalairt sin cruinn le ceadú dúinn oibriú ar bharr ár n-acmhainne – ní thig le ceachtar acu feidhmiú go hiomlán in éagmais an chinn eile. Ar aon chuma, tá foirgnimh agus struchtúir áiteanna faoin tuaith, oiread le hailtireacht agus spásanna áiteanna uirbeacha, ar fad ina dtráthchodanna de chumasc an tírdhreacha.

Is gá machnamh agus cruthaitheacht a chaitheamh le bainistíocht agus pleanáil thírdhreacha na mbailte agus na gcathracha, d'fhonn iad a bheith beosach go sóisialta agus ar bhonn eacnamaíoch i gcónaí. Déanfar seo níos éifeachtúla má dhéanaimid bainistíocht inbhuanaithe ar na hacmhainní nádúrtha dála uisce, spás oscailte agus éiceachórais atá i bpáirt ag ceantair uirbeacha agus tuaithe araon. Tig linn úsáid éifeachtach a bhaint as comhshochair na n-acmhainní seo do na húsáideoirí uile trí fhéachaint air mar ‘infreastruchtúr glas’, agus tig linn deimhin a dhéanamh go gcoinníonn rialáil éifeachtach ag feidhmiú é lenár leas uile.

Dúshlán méadaitheach do chónaitheoirí uirbeacha agus tuaithe araon is ea roinnt chothromasach ar acmhainní finideacha chomh maith le hacmhainní in-athnuaite. Tig leis na torthaí ar na bealaí ina mhairimid anois, agus na comhroghanna a dhéanaimid nó nach ndéanaimid, cionchúis a bheith acu le hacmhainní comhshaoil a dhíghrádú nó a thruailliú, nó tig leo córais infreastruchtúir atá as dáta a fhágáil ann. Tiománann mórán gné d’fhorbairt tionsclaíoch agus tithíochta, talmhaíochta, foraoiseachta, forbairt infreastruchtúir, agus gníomhaíocht áineasa, mura ndéantar stiúrú cáiréiseach orthu, díghrádú ar ghnáthóga agus ar chaillteanas bithéagsúlachta.

Tá bithéagsúlacht, a chlúdaíonn nithe beo ó fhíneog mhicreascópach go crainn ársa, riachtanach d’fholláine talmhaíochta, iascaigh, tionsclaíochta, agus sláinte daonna agus ainmhithe a chothabháil. Is féidir féachaint ar an tírdhreach mar raon d’éiceachórais a sholáthraíonn feidhmeanna éagsúla a chuimsíonn rialú ar phróisis aeráide, dianscaoilte

dramhaíola agus athchúrsáil chothaitheach, scagadh uisce, cosaint ar thuile, cothabháil torthúlachta ithreach agus soláthar acmhainní nádúrtha. Tá níos mó feasachta ag daoine ar luach ár n-acmhainní nádúrtha agus na bithéagsúlachta agus ar an gcothromaíocht íogair is gá len iad a chothú agus ar na sochair a sholáthraíonn siad. Tá cosaint agus bainistíocht ar láithreáin sainithe do chaomhnú an nádúir bunúsach do chothabháil na bithéagsúlachta. Is gá chomh maith oiriúnú a dhéanamh ar na bealaí ar a ndéanaimid bainistíocht ar ár dtírdhreacha agus ar ár n-éiceachóras lasmuigh de na láithreáin shainithe le cosc a chur ar chaillteanas bithéagsúlachta agus ar dhíghrádú éiceachórais. Tá gníomhartha spriocdhírithe dála beartas dea-dheartha talmh-chomhshaoil ina sampla den chineál seo bainistíochta.

Maidir le luacháil 'earraí comhshaoil phoiblí' táimid níos mó chun cinn agus a meastar uaireanta. Tá cláir, scéimeanna agus bealaí oibre le talamh agus leis an nádúr ar mhaithe le pobail agus bithéagsúlachta ag mórán tionscal, talmhaíocht, eagraíochtaí agus cumainn agus pobail áitiúla san áireamh. Tá céimeanna dearfacha á nglacadh ag earnáil na talmhaíochta le cúram a dhéanamh dár n-oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha. Déanann an Scéim ceannródaíochta um Chosaint na Tuaithe (REPS) agus níos déanaí an t-éileamh ar chrosghéilliúntas dóibh sin a fhaigheann íocaíochtaí AE de bhun athchóirithe an Chomhpholasaí Talmhaíochta, tosaíocht fheirmeoireachta de bhainistíocht comhshaoil, ag áireamh bainistíocht ar ghnéithe tírdhreacha. Ar fud na tíre tá scéimeanna fostaíochta státurraithe agus gníomhaíocht dheonach ag cruthú gníomhaíochta inbhuanaithe eacnamaíochta comhshaoil agus deiseanna fostaíochta agus ag feabhsú áiseanna tuaithe trí úsáid a bhaint as gnéithe den tírdhreach agus eolas áitiúil ar a stair agus ar a chultúr.

Baineann an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha le dearadh modhanna cuí le feabhsú nó cruthú tírdhreacha nua a thagann lenár n-ardmhianta mar shochaí oiread agus a bhaineann sí le meas a chothú ar na tírdhreacha atá ann agus a chothaíonn mar náisiún sinn – go sóisialta, go heacnamúil agus i gcúrsaí comhshaoil.

1.4 Conas a chuirfidh Straitéis Náisúnta Tírdhreacha feabhas ar na bealaí reatha um bainistíocht ár dtírdhreacha?

Tá an sainmhíniú ar thírdhreach a cheap Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, atá léirithe ag sainmhíniú dlíthiúil tírdhreacha d'Éirinn (mar a cuireadh isteach in Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2010) ag teacht leis an smaoineamh go ndéanann tírdhreacha éabhlóidiú le himeacht aimsire, de bhun gníomhaíochta orthu ag fórsaí nádúrtha agus ag daoine.

Cuireann sé béim chomh maith ar an bhfíric gurb aonad é tírdhreach, nach mór glacadh lena chomhdhéantasaigh nádúrtha agus cultúrtha in éineacht, nach scartha.

Athróidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha polasaithe agus struchtúir chun gur féidir linn bainistíocht níos éifeachtaí a dhéanamh ar ár dtírdhreach, sochaí agus eacnamaíocht idirnasctha, ar bhealaí a dhéanann leas ár n-acmhainní nádúrtha i bpáirt agus na n-áititheoirí agus na gcuairteoirí uile, bunaithe ar thuiscint a thréithíochta, a acmhainne agus na bagairtí atá ann dó. Leagfaidh sí síos spriocanna le féachaint chucu agus ullmhóidh don ní nach eol agus d'athruithe ionchasacha don tírdhreach a éireoidh ó athrú aeráide, buaic ola agus an gá atá le laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin.

Beidh mar mhór-ról ag an Straitéis comhordú agus feabhsú a dhéanamh ar an mbealach ina ndéantar measúnú ar thréithíocht tírdhreacha in Éirinn. Is cuspóir ag an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha é soláthar a dhéanamh ar chaighdeán náisiúnta do thiomsú measúnaithe tréithíochta tírdhreacha – is é sin, faisnéis chainníochta agus cáilíochta ar ghnéithe uile che cheantar tírdhreacha

Sprioc Ardleibhéil 3

Déanfaidh an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha áisiú ar fhorbairt:

a. ***Measúnú tréithíochta tírdhreacha laistigh de chreat náisiúnta tírdhreacha, a sholáthróidh cur síos oibiachtúil comhsheasmhach ar thírdhreacha na hÉireann laistigh dfhormáid chaighdeánach***

b. ***Treoir uirlisí áisithe pleanálla agus bainistíochta tírdhreacha le húsáid le Measúnúchán Straitéiseach Comhshaoil (MSC) agus Measúnúchán ar Thionchair ar an gComhshaol (MTC) agus Measúnúchán Cuí (MC) le feabhas a chur ar pholasaithe úsáide talún, phleanáil chun cinn agus chleachtais bainistíochta forbartha***

c. ***Modhanna le stáid reatha an tírdhreacha a bhaint amach trí thaighde bunlíne***

Déanann an próiseas measúnaithe tréithíochta tírdhreacha bailiú, anailís agus cur i láthair ar shonraí agus ar fhaisnéis idirnasctha ar:

- an chuma atá ar thírdhreach – ***a chruth,***
- cad atá ann – ***a thábhacht maidir le hacmhainní nádúrtha agus cultúr,*** agus
- cad is féidir leis a thairiscint go buan – ***a acmhainn eacnamaíochta, éiceolaíochta, sóisialta agus cultúrtha –*** dóibh sin gur leo é, a fheiceann é nó a thagann ar chuairt chuige.

Cuimseoidh measúnú tréithíochta tírdhreacha faisnéis ar an tírdhreach stairiúil chomh maith leis an tírdhreach reatha, toisc nach féidir tírdhreach a mhíniú ar fad gan tagairt dá am-dhoimhne. Tá sé lárnach do mheasúnú tréithíochta tírdhreacha gur chruthaigh idirghníomhaíocht dhaonna leis an tírdhreach, a thréithíocht a chruthú, agus go leanann sí de. Soláthraíonn measúnú tréithíochta tírdhreacha anailís shlánaithe, oibiachtúil de gach limistéar tírdhreacha. Uirlis bainistiochta tírdhreacha is ea measúnú tréithíochta tírdhreacha chomh maith; agus anailís déanta ar thírdhreach tá an fhaisnéis is gá ann le critéir a fhorbairt do bhainistíocht, phleanáil agus chosaint an tírdhreacha. Is féidir measúnú tréithíochta tírdhreacha a úsáid mar bhonn ónar féidir forbairt a dhéanamh ar pholasaithe nó ar mholtaí áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta – mar iad sin d'infreastruchtúr glas, áineas nó iompar.

Is aidhm do na spriocanna a mholtar sa doiciméad seo, agus don mhíniúchán ar an mbealach ina n-oibríonn tréithíocht tírdhreacha, treoir a thabhairt do thuiscint níos fearr againn ar fad in ár bpobail áitiúla agus náisiúnta, ar an mbealach agus ar cad ina thaobh gurb ann dár dtírdhreacha sa chruth ina bhfuil siad, agus conas a fhéadfaidís nó inar cheart dóibh athrú le freastal ar riachtanais a n-úinéirí agus a n-úsáideoirí ar bhealaí a bheadh stuama sa bhfadtéarma. Táthar ag súil go gcabhróidh an fheasacht mhéadaithe seo le brú polaitiúil, intleachta agus eacnamaíochta i dtreo foinsithe agus bainistíochta na n-athruithe is gá le tacaíocht a thabhairt do na pobail sin gur leo, a dhéanann cúram de, a mhaireann i, a bhaineann slí bheatha as, agus a idirghníomhaíonn leis na tírdhreacha gur baile iad dár gcultúr ar leith.

Trí éifeacht áitiúil ar fhorbairt measúnuithe tréithíochta tírdhreacha agus trí spriocanna pleananna forbartha a dhéanamh amach, beidh úinéirí talún agus grúpaí leasmhara

tírdhreacha feasach gur féidir forbairt sa taobhtíre a chothú trí sheasamh réalaíoch, a pléadh go hoscailte ar fheirmeoireacht agus ar úsáidí eile talún tuaithe agus na feidhmeanna eacnamaíochta, sóisialta, áineasa agus turasóireachta atá bunaithe ar úsáidí talún. Tá an fhaisnéis measúnaithe tréithíochta tírdhreacha ar fáil ag pobail agus acu sin ó lasmuigh den áit, a léiríonn conas, mó más cuí, is gá infreastruchtúr le deimhin a dhéanamh d'inmharthanacht cheantair uirbeacha agus thuaithe – leithéidí bealaí iompair agus fuinnimh, tionscail eastógtha agus fuinnimh – a bheith pleanáilte agus deartha ar bhealach a thógann ceann den tírdhreach agus de riachtanais a úinéirí agus a úsáideoirí.

Trí na bealaí atá molta sa doiciméad seo le stiúrú a dhéanamh ar spiocanna ar leibhéil áitiúla agus réigiúnacha, beidh modh ag cónaitheoirí uirbeacha agus tuaithe le bheith rannpháirteach i bhforbairt ar bhealaí nua le déileáil le héilimh nua agus ag teacht ar ár dtírdhreach ó shochaí atá ag uirbiú go mear.

Sprioc Ardleibhéil 4

Forbróimid modhanna éifeachtacha comhpháirtíochta agus rannpháirtíochta i bhforbairt na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha, le húinéireacht agus comhaontú poiblí a fháil maidir leis na hathruithe is gá le spriocanna na straitéise seo a bhaint amach

Is aidhm don Straitéis feasacht a mhéadú ar fhíornádúr an tírdhreacha,, agus le haithint cad é is dóigh le muintir na hÉireann a bheith tábhachtach le coimeád maidir lena dtírdhreach. Cabhróidh an t-aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí leis An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus leis na páirtithe leasmhara sa phróiseas le féachaint conas is fearr don Straitéis a foilsíodh na haireachtálacha difriúla ar an tírdhreach a shárú. Déanfaidh sé eolasú orainn ar an mbealach inar féidir beartais agus struchtúir ardaithe feasachta a mhúnlú, chun go mbeidh rannpháirtíocht éifeachtach poiblí ann ar gach céim den Straitéis.

1.5 Cé na bealaí in n-oibreoidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha?

Beidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ina chreat do bhealaí lenár dtírdhreach a bhainistiú a thiocfaidh roimh agus a sheachnóidh coinbhleacht idir úsáidí reatha agus úsáidí atá ag teacht chun cinn, agus an tsochaí agus an eacnamaíocht ag éirí níos casta ná riamh agus éifeacht mhéadaitheach orthu ag teicneolaíochtaí atá ag forbairt ar séirse. Déanfar an struchtúr a cheapfar leis an Straitéis a stiúrú a dhearadh le cabhrú le bainistíocht an tírdhreacha athraigh agus na ndeiseanna macra-eacnamaíochta ar bhealach a threoraíonn

Éire ar bhóthar na forbartha inbhuanaithe. Sa chéad áit déanfaidh sé seo trí phróiseas na pleanála um úsáid talún, ag a bhfuil traidisiún fada d'úsáid le hathrú a bhainistiú agus le cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach idir éilimh dhifriúla a thagann trasna ar a chéile. Tabharfaidh sé uirlísí d'úsáideoirí tírdhreacha le bainistíocht agus forbairt a dhéanamh ar limistéir ar a mbeadh meas do thalmhaíocht, cairéalú nó éiceolaíocht, mar shampla, chomh maith le háineas, turasóireacht, fuinneamh in-athnuaite nó infreastruchtúr.

Sprioc Ardleibhéil 5

Déanfaidh an Straitéis deimhin de go ndéantar cúram de cheisteanna tírdhreacha i bpolasaithe cultúrtha, comhshaoil, talmhaíochta, sóisialta, sláinte, oideachais, áineasa, turasóireachta, eacnamaíochta agus iompair agus sna hearnálacha uile ábhartha riaracháin phoiblí

Ní féidir linn tosú ag obair ar spriocanna náisiúnta bainistíochta a bhaint amach don tírdhreach ach trí thaighde a dhéanamh ar a stáid reatha agus measúnú a dhéanamh ar a thréithíocht ar leibhéal náisiúnta ag úsáid critéar a baineadh amach go cáiréiseach, agus le hionchur an phobail agus na n-earnálacha uile riaracháin phoiblí. Ina dturas, déanfar measúnú ar thírdhreacha réigiúnacha agus áitiúla agus ceapfar spriocanna ar na leibhéil sin, le cuidiú agus treorú a thabhairt do phleanáil úsáide talún. Éilíonn forálacha san Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2010 go gcuimseofaí sprioc sainordaithe i bplean an údaráis áitiúil le 'forbairt a dhéanamh ar pholasaithe tírdhreacha, ag teacht le polasaithe agus spriocanna ábhartha an Rialtais nó aon Aire Rialtais ag an tráth sin, maidir le soláthar creata d'aithint, mheasúnú, chosaint, bhainistíocht agus pleanáil tírdhreacha agus forbartha ag an Aire agus ceann á thógáil de Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa a rinneadh i bhFlórans ar an 20 Deireadh Fómhair 2000'.

Chomh maith le húsáid a bhaint as taighde atá déanta cheana féin, comhchumasc na faisnéise agus na sochar ó earnálacha uile na gcóras riaracháin, agus forbairt spriocanna d'úsáid inbhuanaithe ár dtírdhreacha, is aidhm don Straitéis líonra de naisc d'idirghníomhú poiblí i ndéanamh polasaí tírdhreach-bhunaithe, ó uaillmhianta náisiúnta go feidhmiúchán áitiúil, a sholáthar. Sprioc lárnach é go gcabhróidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha le daoine i gceantair áitiúla, a mhaireann iontu agus a thuigeann ó bhonn iad, a chúram a bheith go héifeachtach i bpáirt acu agus pleanáil íogair a dhéanamh do thodhchaí na talún agus a hacmhainní, cibé acu in úinéireacht phríobháideach í nó i bpáirt.

Sprioc Ardleibhéil 6

Síneoidh Éire agus / nó daingneoidh sí coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cosaint agus bainistíocht thírdhreacha

1.6 Measúnú an Chreata Tírdhreacha agus na Tréithíochta Tírdhreacha

Le bainistíocht agus forbairt a dhéanamh ar an tírdhreach, tá sé riachtanach bonn eolais a bheith ann ónar féidir cinntí a eolasú. Is bealach é measúnú tréithíochta tírdhreacha le faisnéis a thabhairt dúinn mar gheall ar ár dtírdhreach – a thréithe fisiciúla agus cultúrtha – a dhéanann cur síos ar a ilsraitheanna agus a insíonn dúinn conas mar a bhféadfadh sé bheith íogair d'athrú trí chúinsí agus imeachtaí nádúrtha nó trí idirghabháil daonna, mar thoradh ar phróisis eacnamaíochta, sóisialta agus fisiciúla.

D'eisíodh dréacht-treoirlínte um *Thírdhreach agus Measúnú Tírdhreach* in 2000. [1] Spreag seo mórán údarás áitiúla, a chuir fáilte roimh an mhodh seo pleanála, le measúnú tréithíochta tírdhreacha a ullmhú. D'fhorbair formhór na n-údarás áitiúla polasaithe agus spriocanna tírdhreacha i bpleananna forbartha, ar a shon sin, bhí éagsúlacht ábhair agus modh sna pleananna tírdhreacha seo, agus níor tugadh sainmhíniú soiléir ar mheicníocht úsáide an mheasúnaithe tréithíochta tírdhreacha laistigh de chóras pleanála an údaráis áitiúil. Cruthaíonn dualgas contaebhunaithe amháin fadhbanna leanúnachais agus comhordaithe nuair atá cur chuige réigiúnach agus náisiúnta ag teastáil.

Mar atá leagtha amach sna Dréachtchuspóirí don doiciméad seo, tá sé i gceist creat náisiúnta tírdhreacha a bhunú do mheasúnú tréithíochta tírdhreacha ar an scála náisiúnta, a leagfaidh síos teimpléad ar scála réigiúnach agus áitiúil. Déileálfaidh an creat seo ar bhealach níos éifeachtaí leis na heilimintí casta idircheangailte den tírdhreach, le léargas níos leithne agus níos mioninste a thabhairt. Tig leis faisnéis a chur i láthair le cabhrú le déileáil le ceisteanna comhshaoil agus éiceolaíochta chomh maith le béim a chur ar na gnéithe sóisialta, cultúrtha agus stairiúla den tírdhreach.

Ar gach aon scála ba chóir do mheasúnú tréithíochta tírdhreacha soláthar a dhéanamh ar bhealach le leanúnachas agus le comhcheangailteacht an tírdhreacha agus rian gníomhaíochta daonna ann a fheiceáil agus a aithint. Beidh tábhacht bunúsach leis seo, mar

[1] An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 2000.

shampla, agus bainistíocht á déanamh ar uisce agus cur chun cinn ar bhithéagsúlacht tí infreastruchtúr glas agus dorchlaí agus líonraí éiceolaíochta, go mbainfidh bainistíocht ar idirghníomhaíocht agus ar ghníomhaíochtaí le cuid díobh. Beidh de thoradh ar phróiseas an mheasúnaithe tréithíochta tírdhreacha i ngach aon chás go ndéanfar spriocdhíriú ar dheiseanna d'athruithe tírdhreacha gur féidir leo éiceachórais agus sláinte agus folláine daonna a bhaint amach agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Déanfaidh an próiseas measúnaithe tréithíochta tírdhreacha, trí rannpháirtíocht phoiblí, pobail agus páirtithe leasmhara, taiscéaladh ar na bealaí inar féidir bainistíocht a dhéanamh ar ár dtírdhreach. Tig le measúnú tréithíochta tírdhreacha ann féin bheith ina fheithicil don phróiseas oideachais do gairmiúlaigh agus don phobal trí chéile araon, agus luachanna agus eolas áitiúil a bhailiú i gcaitheamh an ama.

Leagfaidh an creat náisiúnta tírdhreacha amach na critéir agus an próiseas do mheasúnú tréithíochta tírdhreacha agus ceann mar is cuí a thógáil de cheisteanna scála, luacha agus dinimice athraithe. Forbróidh sé teimpléad caighdeánach a bheidh ina struchtúr ag an measúnú tréithíochta tírdhreacha le deimhin a dhéanamh de chomhoiriúnacht idir an measúnú seo agus leanúnachas tíreolaíochta, ag cinntiú comhsheasmhachta ar gach aon scála. Soláthróidh an teimpléad creatlach ar an scála is airde a bheidh oibiachtúil agus ag a mbeidh tacaíocht ó na tacair sonraí a bheidh ar fáil.

Is sprioc ag an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha é doiciméad agus uirlisí treoracha a tháirgeadh le háisiú a dhéanamh ar chruthú ionchuir réigiúnaigh, contae agus áitiúil sa mheasúnú tréithíochta tírdhreacha ar an scála is mínghráinní. Is iad is údaráis chuí le bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar mheasúnú tréithíochta tírdhreacha ná na comhlachtaí sainithe laistigh den chóras pleanála.

Breithiúnais gur féidir iad a bheith oibiachtúil agus suibiachtúil araon is ea cinntí ar shainiú 'luach' agus 'íogaireacht' tírdhreacha. B'fhéidir cáilíocht screamhuisce a bheith ina shampla d'oibiachtúlacht, agus bheadh ráiteas ar áilleacht tírdhreacha ina shonrú suibiachtúil. Is ar an scála áitiúil a dhéanfar measúnuithe suibiachtúla luacha agus ag a mbunófar gnéithe íogaire na dtírdhreach, le rannpháirtíocht na bpobal agus na bpáirtithe leasmhara áitiúla. Beidh mórán sonraí de dhíth do mhionsonraí an scála mín measúnaithe tréithíochta tírdhreacha. B'fhéidir don phobal áitiúil seo a sholáthar dóibh féin i rannpháirtíocht le clár méadaithe feasachta agus oideachais. Ba cheart don mheicníocht seo do bhainc áitiúla faisnéise

soláthar a dhéanamh do bhreis sonraí níos déanaí chomh le maith le cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar athrú laistigh den tírdhreach.

B'fhéidir do mheasúnú tréithíochta tírdhreacha soláthar a dhéanamh ar chreat agus suíomh maith do Mheasúnúchán Cuí le plé a dhéanamh ar cé acu an mbeidh droch éifeacht ag plean nó tionscadal ar shláine láithreán Natura 2000. Ba cheart an measúnú tréithíochta tírdhreacha a úsáid in éineacht leis an ráiteas Measúnúcháin Chuí agus faisnéis eile a bailíodh ar an láithreán agus na héifeachtaí ionchasacha air.

1.7 Bainistíocht agus pleanáil tírdhreach ardcháilíochta

Ba chóir do Straitéis Náisúnta Tírdhreacha sinn a dhéanamh feasach ar chastacht agus ar éagsúlacht ár dtírdhreach agus ar chastacht agus éagsúlacht riachtanas agus uaillmhianta a n-úsáideoirí uile. Is trí eolas gnóthaithe faoina dtírdhreach, a úsáideoirí agus a roghanna is féidir le pobail bheith rannpháirteach le níos mó féinmhuiníne agus le níos mó cumhachta ar leibhéal contae, baile agus cathrach – mar shampla ar chéim an chomhairliúcháin phoiblí de dhréachtadh pleananna – le torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach.

Mar atá ráite i *Government Policy on Architecture 2009-2015*,[2] bíonn mór-éifeacht ag cáilíocht ár gcomhshaoil ar cháilíocht ár saol ó lá go chéile. Tá an tuiscint seo ar cheann de na príomhthiománaithe laistiar de bhainistíocht agus síor-athghiniúint ár dtírdhreacha. Is é is cúis lena a laghad sin daoine a bheith neamhghníomhach nuair a éiríonn ceist maidir le dearcadh a bheith ag duine nó dearcadh a chur in iúl ar cibé acu go bhfuil nó nach bhfuil aghaidh á tabhairt ar chaighdeán nó go bhfuil failí á dhéanamh ann ina gcomhshaol neasach, áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta féin. Ar a shon sin, ní mór dúinn a fhios a bheith againn cá bhfuilimid i láthair na huaire sular féidir linn a thuar gur dócha go mbeidh toradh ar ár ngníomhaíochtaí nó nach mbeidh. Cabhróidh taighde bunlíne ar staid an tírdhreacha linn tuiscint a fháil ar shláinte a chomhpháirteanna agus is riachtanas é má táimid le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na ngníomhartha a dhéantar, d'aon toisc nó de thimpiste.

Ag freagairt do na dúshláin ag ár dtír is ann do riachtanas, trí thaighde ar ár gcomhshaol tógtha agus nádúrtha, roghanna eolasaithe a dhéanamh ar an mbealach ina n-úsáidimid ar n-áiteanna, ár bhfoirgnimh, ár dtírdhreacha agus ár n-acmhainní nádúrtha reatha. Dá bhrí

[2] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2009.

sin, chomh maith le creat a chur le chéile do bhainistíocht, phleanáil agus chosaint an tírdhreacha, tá an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ag iarraidh feasacht agus tuiscint a chur chun cinn ar chion tairbhe dea-dhearaidh don saol ó lá go chéile ag d'fholláine an tsochaí trí chéile. Go bunúsach tá i bhfad níos mó i gceist le fíorú ardchaighdeáin i ndearadh tírdhreacha ná láithreáin, foirgnimh nó limistéir indibhidiúla. Ní mór dó ceann a thógáil den tuiscint ar chomhshaol inghlactha daonna do gach aon duine.

Cuimsíonn an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha spriocanna cur chun cinn a dhéanamh ar leagan amach maith spásúlachta, dearadh tírdhreacha ardchaighdeáin agus inbhuanaithe agus naisc infreastruchtúir ghlasa in aisfheistiú i dtírdhreacha atá ag feidhmiú faoi bhun a n-acmhainne agus i ndearadh áiteanna nua agus in athshlánú tírdhreacha díghrádaithe. Tabharfar tacaíocht chomh maith do mhodhanna ildisciplíneacha oibre ag ionchorprú cur chuige tírdhreach-bhunaithe do dhearadh áiteanna nua. Cothófar taighde, naisc agus malartaithe ar leibhéal Eorpach le deimhin a dhéanamh de go bfhanfaidh Éire bord ar bhord le taighde agus feidhmiúchán idirnáisiúnta.

2.0 MÚNLÚ ÁR DTODHCHAÍ LEIS AN STRAITÉIS NÁISÚNTA TÍRDHREACHA

Iarrfaidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha orainn todhchaí níos fearr a shamhlú dúinn féin laistigh dár gcomhshaol fisiciúil agus ag an am céanna meas a bheith againn ar na nithe a mheasaimid a bheith tábhachtach faoin tírdhreach san am atá caite agus faoi láthair. Cabhraíonn tírdhreach a bheith lárnach agus cinntí polasaí á ndéanamh ar fud na n-earnálacha le lucht déanta cinnidh ag teacht le prionsabail na hinbhuanaitheachta, mar is é tírdhreach an fócas coincheapa do chomhtháthú an tsochaí, na heacnamaíochta agus an chomhshaoil.

Déanfaidh toradh an chomhairliúcháin phoiblí ar dhréachtaidhmeanna agus spriocanna polasaí eolasú ar threocht ár dtírdhreacha feasta

D'fhonn glacadh le cineálacha agus raon na bpolasaithe a dhéanfaidh straitéis éifeachtach den Straitéis Náisúnta Tírdhreacha, ní mór dúinn an Éire ar mhaith linn a fheiceáil glúin ó anois a shamhlú. Tig linn athruithe áirithe dosheachanta a fheiceáil roimh ré ach ní mar sin do chinn eile; tig linn ar a shon sin, a fheiceáil ar bhealach ginearálta conas a bhféadfadh Éire a bheith agus conas a bhféadfadh a háititheoirí cónaí, má dhéanaimid roghanna anois agus amach anseo a chabhróidh linn forbairt inbhuanaithe agus an leas coiteann a chur chun cinn a bhaint amach.

Oibreoidh an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha i dtreo Éireann níos inbhuanaithe mar tabharfaidh an cur chuige náisiúnta ar thírdhreach tacaíocht don daonra le saoil níos torthúla a chaitheamh atá níos sláintiúla, níos inbhuanaithe agus a chuireann le folláine sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil. Aithneoidh Éire na linne atá le teacht go bhfuil ár dtírdhreach, chomh maith le soláthar a dhéanamh dúinn ar chomhshaol ardchaighdeáin le maireachtáil agus le hoibriú ann, ina hacmhainn suntasach cultúrtha, oidhreachta, áineasa agus turasóireachta. Déanfar ceisteanna agus teannais maidir le feidhmeanna agus úsáidí talún mar bhainistíocht uisce, cleachtais talmhaíochta, foraoiseacht, portaigh, bithéagsúlacht, soláthar fuinnimh, rochtain phoiblí agus suiteáil tionsclaíochta agus tithíochta a mheas ar a dtionchair uile, agus na tionchair ionchasacha ar ár dtírdhreach ag athrú aeráide. Tuigfidh gach aon duine a mhaireann in Éirinn nua a oibríonn nó a thagann ar chuairt na leasa a bhaineann le caomhnú, bainistíocht agus pleanáil do thírdhreacha

ardchaighdeáin, ag áireamh na n-áiseanna a sholáthraíonn an tírdhreach d'áineas agus do thaitneamhacht.

Léaráid 1: Dréacht Chuspóirí na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha



2.1 Spriocanna ardleibhéil agus Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa

Éilíonn Airteagail 5 agus 6 de Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa ar gach aon tír ar leith sainbheartais agus beartais ghinearálta a ullmhú leis an gCoinbhinsiún a fheidhmiú. Leagann na sé sprioc ardleibhéil seo a leanas amach réimsí lárnacha straitéise na Straitéis Náisúnta Tírdhreacha agus baineann le Beartais Ghinearálta Airteagail 5 de Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, i bhfoclaíocht a dhéanann ábharthach do riocht na hÉireann iad. Tugann líon áirithe de na polasaithe agus na scéimeanna atá ann tacaíocht d'fheidhmiúchán an Choinbhinsiúin. Ba chóir go gclúdódh na spriocanna atá dréachtaithe sa doiciméad comhairliúcháin seo an raon de cheisteanna is gá déileáil leo i dtéarmaí spriocanna polasaí lárnaigh ach is féidir iad a athbhreithniú i bhfianaise aiseolais a gheibhtear ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.

Is é is céad sprioc ardleibhéil ná, mar atá ag Beartas Ginearálta 5a Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa:

Tírdhreacha a aithint de réir dlí mar chomhdhéantasaigh de thimpeallacht na ndaoine, léiriúchán ar éagsúlacht a n-oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha i bpáirt, agus dúshraith dá bhféiniúlacht.

Déantar foráil dó seo in Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2010. Tá forálacha comhlántacha stairiúla tírdhreacha molta sa Bhille um Shéadchomharthaí atá le teacht.

Spriocanna eile ardleibhéil is ea:

1. Feasacht phoiblí ar thírdhreacha a mhéadú, ag áireamh naisc idir acmhainní na talún, leagan amach an tírdhreacha agus sláinte fhisiciúil, eacnamaíochta agus síceolaíochta a ndaoine.

Meastar an sprioc seo a bheith ina pointe tosaigh leis an bpobal a bheith rannpháirteach le deimhin a dhéanamh d'fheidhmiúchán rathúil na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha. Pléitear na bealaí ina bhféadfaí feasacht an phobail a fhorbairt i dTéama Gníomhaíochta 1 thíos.

2. Áisiú a dhéanamh ar fhorbairt:

a. Measúnú tréithíochta tírdhreacha laistigh de chreat náisiúnta tírdhreacha, a sholáthróidh cur síos oibiachtúil agus comhsheasmhach ar thírdhreacha na hÉireann laistigh d'fhormáid chaighdeánaithe.

b. Pleanáil tírdhreacha agus treoir agus uirlisí áisithe bainistíochta le húsáid le Measúnúchán Straitéiseach Comhshaoil, Measúnúchán Tionchair Chomhshaoil agus Measúnúchán Cuí le feabhas a chur ar pholasaithe úsáide talún, agus ar phleanáil chun cinn agus ar chleachtais bhainistíochta forbartha.

c. Modhanna le staid reatha an tírdhreacha a bhaint amach trí thaighde bunlíne

Tá an sprioc seo ag freagairt do Bheartas Ginearálta Airteagail 5b.

3. Forbairt a dhéanamh ar mhodhanna éifeachtacha comhpháirtíochta agus rannpháirtíochta i bhforbairt na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha, le húinéireacht agus

comhaontú poiblí a fháil maidir leis na hathruithe is gá le spriocanna na straitéise seo a bhaint amach

Tá an sprioc seo ag freagairt do Bheartas Ginearálta Airteagail 5c.

4. cóiríocht a dhéanamh do chúram de cheisteanna tírdhreacha i bpolasaithe cultúrtha, comhshaoil, talmhaíochta, sóisialta, sláinte, oideachais, áineasa, turasóireachta, eacnamaíochta agus iompair agus sna hearnálacha uile ábhartha riaracháin phoiblí

Tá an sprioc seo ag freagairt do Bheartas Ginearálta Airteagail 5d.

5. Coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cosaint agus bainistíocht tírdhreacha a shíniú agus / nó a dhaingniú m.sh.: Comhairle na hEorpa – Creatchoinbhinsiún ar Luach Oidhreachta Cultúrtha do Shochaí (CETS uimh. 199, Faró 2005; Coinbhinsiún UN-ECE ar Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i nDéanamh Cinnidh agus Rochtain ar Cheartas i Nithe a bhaineann le Comhshaol (Aarhus 1998)

Tá an sprioc seo comhlántach d'aidhm Bheartais 5a.

2.2 Sainspriocanna le tacaíocht a thabhairt do spriocanna ardleibhéil na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha

Leanann an Straitéis rogha láidir Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa do phrionsabal na coimhdeachta, déanamh cinntí ar an leibhéal áitiúil is mó is féidir. Deir an Coinbhinsiún go soiléir chomh maith gur fearr gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh ar leibhéal lárnach nó tathagaithe, mar shampla, treoir, comhordú polasaí, agus coimeád sonraí nó bainc fhaisnéise. Léiríonn na spriocanna atá sa dréacht seo an meascán seo de shainiú freagrachtaí áitiúla agus náisiúnta le deimhin a dhéanamh d'fheidhmiúchán áitiúil ar theimpléid agus ar chaighdeáin náisiúnta.

Le gnó chomh coimpléascach leis an Straitéis seo, ní mór a chuid spriocanna a bheith eagraithe go comhtháite agus iad a bheith in a gcéimeanna indéanta. Meastar go ndéanfar an feidhmiúchán in dhá chéim. Cuimseoidh spriocanna áirithe obair sa dá chéim. Tá cumhdach níos mioninste air seo thíos. Tá na ceithre dhréachtsprioc seo a leanas i gceithre théama Gníomhaíochta, ar lorg na dtéamaí a rianaítear in Airteagal 6 an Choinbhinsiúin. Is iad seo: méadú feasachta; traenáil, oideachas agus taighde; aithint agus measúnú; agus

spriocanna ardcháilíochta tírdhreacha. Is féidir gníomhartha eile féideartha a mholadh faoi na ceannteidil seo, nó plé a dhéanamh ar na dréachtghníomhartha seo ar aiseolas a fháil.

Gníomh 1: Méadú feasachta

Déanfaidh an Straitéis cur chun cinn ar ról tírdhreacha. Taispeánann an dréacht seo – agus Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa – go raibh tírdhreacha riamh ag athrú agus go leanfaidh siad orthu ag athrú, trí phróisis nádúrtha agus trí ghníomhaíocht dhaonna. Deir an Coinbhinsiún gur chóir aidhm a bheith ann bainistíocht a dhéanamh ar athruithe sa todhchaí ar bhealach a aithníonn an mhóréagsúlacht agus cáilíocht na dtírdhreach atá mar oidhreacht againn, agus a dhéanann iarracht ar chaomhnú, nó fiú feabhsú, na héagsúlachta agus na cáilíochta sin seachas ligean dó meathlú. Leis seo a dhéanamh is gá dúinn glacadh leis an méid a bhí i ról an duine i mbunú agus i gcothabháil an tírdhreachta tuaithe, agus leanfaidh an ról seo agus an tírdhreach ag freastal ar riachtanais an 21ú haois. Chomh maith céanna, ní mór dúinn athrú a dhéanamh ar an tuairim gur féidir le lonnaíochtaí cóiríocht a dhéanamh dona thuilleadh forbartha i gcónaí, gan féachaint go cáiréiseach ar nádúr agus ar mhéid na forbartha a bheadh oiriúnach do thréithíocht áite.

Moltar na dréachtghníomhartha seo a leanas:-

1. Forbairt a dhéanamh ar fheasacht a mhéadú sa sochaí ar nádúr an tírdhreacha, agus ar bhealaí leis an tírdhreach a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, ag áireamh na mbealaí ar a mbíonn éifeacht aige ag agus ar éilimh acmhainní sochaí atá ag uirbiú go mear.

2. Forbairt a dhéanamh ar shainmhínithe, uirlisí agus teanga le nádúr tírdhreacha a chur in iúl go simplí ach go soiléir, agus go bhfuil na próisis a chruthaíonn tírdhreach dinimiceach agus gur linn ar fad na ceantair thréithíochta tírdhreacha. Úsáidfear uirlisí den chineál sin le spriocanna a chur i bhfocail a thuigfidh neamhspeisialaithe go héasca agus b'fhéidir iad a bheith úsáideach chun críche éagsúla.

3. Bealaí machnaimh agus gníomhaíochta a fhorbairt laistigh d'údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chuireann áititheoirí agus úsáideoirí a dtírdhreacha i gceartlár polasaithe agus gníomhaíochta forbartha inbhuanaithe. Tacaíocht shaineolaíoch cuí tírdhreacha a sholáthar do thionscnaimh rannpháirtíochta pobail le deimhin a dhéanamh de bhainistíocht athraithe tírdhreacha a bheith éifeachtach agus bunaithe ar an gcleachtas is fearr.

4. Dámhachtana tírdhreacha náisiúnta a fhorbairt le spéis phoiblí a ghiniúint sna tírdhreacha in a mheastar dóibh a bheith fiúntach. Spreagadh ar rannpháirtíocht ar a laghad ainmniúchán amháin in aghaidh na bliana do Dhámhachtana Tírdhreacha na hEorpa.

    a. Catagóirí tírdhreacha a chorprú i scéimeanna seanbhunaithe dámhachtana, mar shampla iad sin maidir le hailtireacht, pleanáil uirbeach, eolaíocht, bithéagsúlacht, áineas, turasóireacht, talmhaíocht agus táirgeadh bia

5. Urraíocht a dhéanamh ar chláir raidió/teilifíse a mhíníonn an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ar bhealach atá intuigthe agus inrochtain ag an bpobal trí chéile, agus a spreagann modhanna rannpháirtíochta mar chomórtais.

Gníomh 2: Traenáil, oideachas agus taighde

Sonraíonn an tacar beartas seo na céimeanna is gá le deimhin a dhéanamh de go mbeidh leorthraenáil orthu siúd atá rannpháirteach i bpleanáil agus i mbainistíocht tírdhreacha, agus go mbeidh gach aon duine eile ar a bhfuil freagracht ina gcáilíocht oifigiúil nó go príobháideach le cinntí a dhéanamh nó cuidiú ina ndéanamh a bheith leoreolasaithe chuige sin trí oideachas foirmeálta nó trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Tá beartais de dhíth le bearnaí eolais agus tuisceana atá ann faoi láthair idir na disciplíní gairmiúla agus riaracháin, d'fhonn deimhin a dhéanamh de bhainistíocht iomlánaíoch agus éifeachtach ar an tírdhreach. Cuimseoidh siad traenáil i measúnú / breithmheas ar mhórán staid ó bhonn go hardleibhéal. Spreagfar comhthiomsú sonraí eolaíocha agus teicniúla, rannpháirtíocht i dtaighde agus malartú saineolaithe. Beidh measúnú tréithíochta tírdhreacha ina príomhfheithicil traenála d’úsáid ghairmiúil agus pobail araon toisc go nascann sé gnéithe an tírdhreacha, go bhforbraíonn sé scileanna in aithint critéar oibiachtúla agus suibiachtúla agus gur dearadh é le bainistíocht chruthaitheach tírdhreacha a chothú.

Moltar na dréachtghníomhartha seo a leanas:-

1. Comhordú a dhéanamh ar na húdaráis ábhartha le suirbhéireacht agus bunú a dhéanamh ar leibhéal reatha taighde fianaisebhunaithe tírdhreacha agus oideachais thírdhreacha.

2. Coimisiúnú nó áisiú a dhéanamh ar shuirbhéireacht agus aithint na bainistíochta agus an polasaí cleachtais is fearr san Eoraip mar a fianaíodh ag gníomhaíochtaí Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa go dtí seo, b'fhéidir i gcomhpháirt le hinstitiúid tríú leibhéal, agus liostáil a dhéanamh ar tháscairí ábhartha agus úsáide do staid na hÉireann.

3. Áisiú a dhéanamh ar sholáthar traenála ar na leibhéil uile chuí in údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus comhlachtaí stáit i measúnú tréithíochta tírdhreacha Nascadh le huirlisí gaolmhara pleanála mar Measúnúchán Straitéiseach Comhshaoil, Measúnúchán Tionchair Chomhshaoil agus Measúnúchán Cuí le deimhin a dhéanamh den chleachtas is fearr i mbun measúnaithe ag a leithéidí de chomhlachtaí.

4. Áisiú a dhéanamh ar oideachas tírdhreacha a thabhairt isteach i gcuraclam na bun- agus na meánscoileanna trí dhisciplíní mar thíreolaíocht, stair, na heolaíochtaí nádúrtha, eacnamaíocht, litríocht, ealaín, ailtireacht, innealtóireacht agus oideachas saoránach, taiscéalú ar na deiseanna atá ar tairiscint ag scéimeanna reatha dála na Scoileanna Glasa agus An Bhliain Eatramhach. Forbairt a dhéanamh ar chláir choimhdeacha oiliúna do mhúinteoirí i mbainistíocht, forbairt agus caomhnú tírdhreacha.

5. Áisiú a dhéanamh ar fhorbairt clár cuí oideachais tríú leibhéal agus breisoideachais.

    a. I ndisciplíní le nasc díreach le tírdhreach, chomh maith le modúil chuí le húsáid laistigh de chúrsaí do dhisciplíní gaolmhara, le clár a ghéilleann do leibhéil chuí an Chreata Náisiúnta um Cháilíochtaí, ag cuimsiú earraí chúrsa, taighde fianaisebhunaithe agus foilseacháin.
    b. Tógáil ar obair uile-oileáin atá ann cheana féin, forbairt a dhéanamh ar fhorbairt leanúnacha gairmiúil nó foirmeacha eile oiriúnacha traenála d'údaráis áitiúla

agus comhlachtaí poiblí leis na tacair scileanna riachtanacha a chruthú d'aithint, bainistíocht agus measúnú tionchar ar an tírdhreach.

c. Forbairt a dhéanamh ar mhodúl tírdhreacha ar leibhéal cuí Chreata Náisiúnta um Cháilíochtaí le comhtháthú i gcláir traenála talmhaíochta do chomhairleoirí, feirmeoirí agus i gcoláistí talmhaíochta

6. Clár malairte idirnáisiúnta tírdhreacha a fhorbairt d'oideachas agus thraenáil agus tógáil ar na scéimeanna malairte atá ann cheana féin.

Gníomh 3: Aithint agus measúnúchán

Tá an tacar seo beartas lárnach don straitéis mar soláthraíonn sé sonraí agus faisnéis cháilíochtúil do thírdhreach na hÉireann trí chéile a bheidh mar bhonn faoi chinntí éifeachtacha tírdhreachbhunaithe a dhéanamh. Ní mór do na beartais leorsholáthar sonraí a bhailiú le cabhair dhearfach a thabhairt do cheapadh phlean agus do phróisis eile straitéisacha bainistíochta. Ba cheart aithint agus catagóiriú tírdhreacha a dhéanamh i gcomhpháirt leis na húdaráis i dTuaisceart Éireann d'fhonn lánchur síos agus luacháil chuí a dhéanamh ar thírdhreacha trasteorann.

Moltar na dréachtghníomhartha seo a leanas:-

1. Creat a chur chun cinn le hatlas nó catalóg tírdhreacha a fhorbairt, ina mbeidh:

- Anailís ar thréithe moirfeolaíochta, seandálaíochta, stairiúla, cultúrtha agus nádúrtha tírdhreach agus a n-idirghaolta agus a ngnáthóg
- Anailís ar mhórathruithe go dtí seo
- Anailís ar aireachtáil an phobail ar an tírdhreach ó sheasamh fhorbairt stairiúil agus a shuntas le déanaí araon
- Rochtain fhíorúil ar chórais mhapála náisiúnta agus idirnáisiúnta mar:

    - CORINE [Córas caighdeánach rangaithe AE um chumhdach talún]
    - Mapáil topagrafach Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann
    - Mapáil geolaíochta Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
    - Mapa Táscach Ithreach agus Fo-Ithreach Theagaisc
    - INFOMAR mapáil ar ghrinneall na farraige (Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Foras na Mara)

- Mapáil láithreán Natura 2000 na Seirbhíse um Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

- Rochtain fhíorúil ar, nó cóipeanna de na tuarascálacha uile um measúnuithe tréithíochta tírdhreacha áitiúla agus náisiúnta ar a bhfoilsithe

Déanfaidh An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, i gcomhpháirt le comhlacht feidhmiúcháin na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha mar is cuí:

2. Creat náisiúnta tírdhreacha a ullmhú a áiseoidh agus a chomhordóidh ullmhúchán measúnaithe tréithíochta tírdhreacha agus polasaithe agus cleachtais ghaolmhara bainistíochta ar leibhéal an chontae, ag teacht le:

(i) Spriocanna

1. Soláthar a dhéanamh ar struchtúr údarásach comhordaithe do chur síos ar thírdhreacha oileán na hÉireann, ag cuimsiú

   a. Tacar de thuairisceoirí ainmneacha – agus tréithe – a úsáidfí mar chaighdeáin thagartha don uile chur síos agus polasaí agus gníomhaíocht ghaolmhar fo-réigiúnach
   b. Critéir agus treoir caighdeánaithe maidir le measúnuithe tréithíochta tírdhreacha a dhéanamh agus ceann á thógáil d'éagsúlacht na scálaí is gá a mhapáil maille le riachtanais maidir le rochtain agus inléiteacht na measúnuithe tréithíochta tírdhreacha a dhéantar.

(ii) Aschur Molta

1. Mapa de mhórcheantair na hÉireann a aithníonn ceantair atá cuid mhaith ar chomhthréithíocht - a ndéantar tagairt dóibh mar ‘Cheantair Charachtaracha’ nó mar ‘Cheantair Thréithíochta’;

2. Insint coimhdeach a sholáthraíonn:-

   - Cur síos ar na modhanna a úsáideadh leis an mapa a ullmhú
   - Cur síos ar na príomhfhachtóirí as a n-eascrann an tréithíocht

- Cur síos ar na foinsí a úsáideadh leis na fachtóir sin a dhíorthú
- Gluais de na tuairisceoirí caighdeánacha a úsáideadh
- ‘protacal’ ar an mbealach leis an mapáil a fheidhmiú

(iii) Ábhar

Mapa ag léiriú ceantair thréithíochta mórscála tírdhreachta atá inléite agus comhsheasmhach ar scála náisiúnta agus réigiúnach - .i. *Crios Droimníní Lártíre Thuaidh* - nó *Córas Fillghleann na Mumhan Theas* [Mapa Tréithíochta Náisiúnta Tírdhreacha] - le húsáid, ina thuras, do chur síos ar thréithíocht thírdhreacha ar leibhéal contae agus fochontae - .i. *Tá Gleann na hAbhann Móire laistigh de Córas Fillghleann na Mumhan Theas* [Measúnúchán Tírdhreacha Chontae Chorcaí]

- Cuimsiú ar liosta de chineálacha tírdhreacha na hÉireann le promhadh trí úsáid a bhaint as rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht phoiblí.

(iv) Foinsí

D’fhonn a bheith údarásach, Díorthófar an mhapáil agus na tuairisceoirí ó na tacair sonraí idirnáisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin leis an leibhéal is ísle míniúcháin, cuimsithe in atlas / catalóg náisiúnta (méadaithe mar is gá ag sonraí a gintear ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach):

- Le cuimsiú ar lonnaíocht, infreastruchtúr, geolaíocht, cumhdach talún, gnáthóga, ithir, acmhainní uisce, acmhainní talmhaíochta, agus oidhreacht chultúrtha

3. A éileamh ar údaráis phleanála measúnú tréithíochta tírdhreacha a dhéanamh dá cheantair fheidhmiúcháin ag teacht leis na modhanna agus na caighdeáin atá sainithe sa chreat náisiúnta tírdhreacha. Beidh orthu go háirithe comhsheasmhacht a chinntiú i dteorainneacha cheantair thréithíochta ar fud na gceantar feidhmiúcháin. Beidh orthu chomh maith comhordú a dhéanamh ar pholasaithe a bhaineann lena leithéidí de cheantair.

4. Caighdeáin bhreithmheasa d'infreastruchtúr glas agus meicníochtaí pleanála chun cinn a bhunú d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le straitéis spásúlachta, pleanáil

iompair, pleanáil áineasa, pleanála turasóireachta, pleanáil infreastruchtúir phleanála, dearadh uirbeach etc.

5. Leanúint d'obair an Fhardail Náisiúnta um Oidhreacht Ailtireachta (FNOA) i dtaifeadadh struchtúir sainspéise agus suirbhéireachta na nGairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha.

6. Measúnú a dhéanamh ar láithreáin Iarrthóra Oidhreachta Domhanda, agus forbairt a dhéanamh ar pholasaithe bainistíochta agus pleanála dá leithéidí de láithreáin, ag teacht leis an gcreat náisiúnta tírdhreacha.

Gníomh 4: Spriocanna ardcháilíochta tírdhreacha

Baineann an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha le gnáth-thírdhreacha chomh maith is a bhaineann le cinn sárscéimhe. Mar sin tagann gnáth-thírdhreacha, tírdhreacha sárscéimhe agus tírdhreacha loite laistigh dá réimeas. Is cóir an cumhdach cuimsitheach seo ar na cúiseanna seo a leanas: tá gach aon tírdhreach ina shuíomh do bheatha an daonra atá i gceist; comhnascann tírdhreacha uirbeacha agus tuaithe ar bhealaí casta; maireann níos mó daoine anois i mbailte agus i gcathracha (beag nó mór), ina mbíonn éifeacht mhór ag a dtírdhreacha ar a saol; agus tá tírdhreacha tuaithe go mór inár gcomhfhiosacht chomh maith len iad a bheith ina ngnáthóga tábhachtacha agus riachtanach dár n-eacnamaíocht. Tá sé cóir chomh maith de bhun na mórathruithe atá ar bun ar thírdhreacha, go háirithe cinn pheirea-uirbeacha, faoi láthair.

Úsáideann Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa an focal 'cailíocht' go minic. Is féidir díospóid a dhéanamh faoi cháilíochtaí áirithe mar is luachanna suibiachtúla iad a thaisealbhaíonn daoine, agus tá cinn áirithe eile intreach, nó oibiachtúil, díortha ó chomhdhéantasaigh fhisiciúla an tírdhreacha. Tá éagsúlacht mhór ann maidir le tábhacht shiombalach nó aestéitiúil tírdhreacha, agus is féidir toilmhianta ar an ní is féidir le tírdhreach a thairiscint a bheith ag borradh agus ag meath ag brath, mar shampla, ar thionchair nádúrtha nó próisis nó bainistíocht an tírdhreacha.

Bíonn meas níos mó ar pháirteanna thar a chéile de thírdhreach, agus fiú ar thírdhreacha iomlána thar a chéile. Ní mór na tréithe - na cáilíochtaí – as a n-eascrann a leithéid de mheas a aithint agus cúram a dhéanamh díobh. Déanfar spriocanna cáilíochta tírdhreacha a fhoirmliú a luaithe is a aithnítear, a dhéantar cur síos, agus a dhéantar luacháil ar

thírdhreach acu siúd a dhéanann an measúnú tréithíochta tírdhreacha, ag áireamh na dtréithe a dteastaíonn ó mhuintir na háite a bheith aitheanta ina dtimpeallacht. Tig le spriocanna cáilíochta tírdhreacha cumhdach a dhéanamh ar nithe mar chúram a dhéanamh de ghnéithe ar leith tírdhreacha, nó cleachtais bhainistíochta a chothaíonn na tréithe seo atá faoi ghnaoi. Is féidir go gcuimseoidís aithint agus forbairt brúnna agus aschuir inmhianaithe. Ní mór iad a bheith inghnóthaithe, sa ghearr nó sa bhfadtéarma, agus ní mór cuma réasúnta a bheith orthu, le gaol soiléir idir an sprioc agus an bonn fianaise.

Lorgaíonn Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa mianta an phobail i bhfoirmiú spriocanna cáilíochta tírdhreacha do thírdhreacha sonraithe. Tá fáilte roimh freagraí ar an doiciméad seo ar cad is dóigh leis an bpobal is cáilíocht i dtírdhreach ann, go ginearálta agus go sonrach.

Moltar na dréachtghníomhartha seo a leanas:-

1. Treoir a dhíorthú ón gcreat náisiúnta tírdhreacha ar fhorbairt ildisciplíneach agus bainistíocht thírdhreacha, d'údaráis áitiúla i gcomhlíonadh a bhfeidhmiúchán pleanála, innealtóireachta, comhshaoil, sóisialta, oidhreachta agus iompair. Cuimseoidh an treoir seo comhairle ar bhainistíocht inbhuanaithe infreastruchtúir ghlais

2. Áisiú a dhéanamh ar bhunú meicníochtaí comhairliúcháin le treoir eolaíochta agus teicneolaíochta a sholáthar d'fhonn comhsheasmhacht agus ardchaighdeán a chinntiú i gcúram tírdhreacha. Chuideodh a coistí eolaíochta agus teicneolaíochta den chineál seo i dtáirgeadh tuarascálacha tréimhsiúla ar stáid tírdhreacha agus le hathbhreithniú polasaí tírdhreacha.

3. Comhoibriú Eorpach a chur chun cinn le heolas a fheabhsú ar cheisteanna agus teicníceanna ábhartha atá ag teacht chun cinn. Rannpháirtíocht na hÉireann in eagraíochtaí Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa RECEP-ENELC[3] d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha; UniScape[4] d'ollscoileanna; agus CivilScape[5] d'eagraíochtaí an tsochaí cathartha

[3]Líonra Eorpach na nÚdarás Áitiúla agus Réigiúnacha d'fheidhmiúchán Choinbhinsiúin Tírdhreacha na hEorpa; www.recep-enelc.net
[4] Líonra Eorpach na nOllscoileanna d'Fheidhmiú Choinbhinsiúin Tírdhreacha na hEorpa; www.uniscape.eu
[5] Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha do Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa; www.civilscape.eu

3.0 FORBAIRT AR MHEICNÍOCHTAÍ D'FHEIDHMIÚCHÁN NA STRAITÉISE NÁISÚNTA TÍRDHREACHA

Bealach nua bainistíochta polasaí is ea creat na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha ag a mbíonn éifeacht ar earnálacha éagsúla laistigh den stát. Dá bhrí sin glacfaidh sé tamall le suíomh.

Nuair is ann do spriocanna uaillmhianacha ba chóir go gcabhródh céimniú orthu i ngníomhartha gearr- agus meántéarmacha ina chabhair leis an athrú a dhéanamh indéanta agus le luas a bhrostú faoi. Dá bhrí sin, meastar go bhfeidhmeofar an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha in dhá chéim ar leith. Cé go mbeidh an dá chéim scartha go foirmeálta ag athbhreithniú meántéarma, beidh an obair a bheidh ann ar siúl thar an dá thaobh den athbhreithniú.

3.1 Céimeanna feidhmíúcháin

Céim a hAon, beidh na cúig bliana tosaigh den straitéis deich mbliana ina tréimhse ullmhúcháin, ag bailiú an taighde, fianaise agus tuairimí a dhéanfaidh áisiú ar mhachnamh eolasaithe náisiúnta maidir leis na bealaí is fearr le cúram a dhéanamh de agus forbairt a dhéanamh ar thírdhreach na hÉireann. I gcéim a hAon bunófar na próisis len é seo a chumasú. Tionscnófar agus forbrófar spriocanna ardleibhéil 1, 2 aus 3, agus tosófar ar an réamhobair bhunaigh do chomhlánú spriocanna 4 agus 5.

Céim a Dó, cuimseoidh an dara céim cúig bliana athbhreithniú agus críochnú na spriocanna agus na gníomhartha a d'eascair uathu agus a thosaigh i gCéim a hAon. Déanfaidh sé scrúdú agus athbhreithniú ar dhul chun cinn na ngníomhartha a chuimsíonn athruithe ar chórais atá ann cheana féin, mar shampla creat na n-údarás áitiúla agus an córas oideachais. Tabharfaidh sé i gcrích iad sin atá ina gcineálacha nua nósanna imeachta nó próisis, mar atlas tírdhreacha, creat náisiúnta tírdhreacha agus na struchtúir a cheadaíonn rannpháirtíocht phoiblí. Le linn measúnú tréithíochta tírdhreacha Chéim a Dó tabharfar isteach an teimpléad do chreat náisiúnta tírdhreacha ar fud na tíre. D'fhonn sprioc an mheasúnaithe tréithíochta tírdhreacha a chríochnú go rathúil le saolré na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha éileofar cion tairbhe ó mhórán gníomhartha ardcháilíochta feasachta agus féiniúlachta. Cuimseoidh Céim a Dó monatóireacht ar éifeacht agus ar thorthaí Chéime a hAon d'fhonn eolasú a dhéanamh ar threocht na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha.

Céimniú gníomhartha:
Déanfar na gníomhartha seo, a bhaineann díreach le téamaí Airteagail 6 de **Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa,** a chéimniú go straitéiseach leis an bhfeidhmiúchán is fearr a dhéanamh ar an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha. Éileoidh cuid díobh céimniú agus beidh réise thar saolré na Straitéise ag mórán díobh.

Tá *téama gníomhaíochta 1* ar mhéadú feasachta faoi thírdhreach ina riachtanas leis an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha a thabhairt isteach go rathúil don phobal agus do lucht déanta cinnidh. Ba chóir dréachtghníomhartha 1.1, 1.2, 1.4 agus 1.5 a fhorbairt agus a thosú (is féidir go gcríochnófaí cuid díobh) laistigh de chreat-ama Chéime a hAon. Glacfaidh dréachtghníomh 1.3 am le forbairt agus le feidhmiú agus ní dóichí rud ná go mairfidh sin thar réise Chéimeanna a hAon agus a Dó.

Cumhdaíonn *téama gníomhaíochta 2* ceisteanna a bheidh leanúnach ón tráth a mbunaítear iad, mar is bonn iad faoin eolas bainistíochta a dhéanfaidh sochaí tírdhreach-dhírithe d'Éirinn. Ba chóir dréachtghníomhartha 2.1, 2.2, 2.3 agus 2.6 a thosú agus a fhorbairt (is féidir go gcríochnófaí cuid díobh, nó iad ar fad) laistigh de chreat-ama Chéime a hAon. B'fhéidir gníomhartha 2.4 agus 2.5 a thionscain i gCéim a hAon, ar a shon sin is é is dóichí ná go ndéanfar comhtháthú ar mhodúil i gcuraclaim oideachais i rith Céime a Dó.

Éilíonn *Téama Gníomhaíochta* 3 go ndéanfaí sainghníomhartha ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil d'fhonn méadú a dhéanamh ar eolas ar thírdhreach sa bhfearann poiblí. Leathfaidh na gníomhartha seo thar Chéimeanna a hAon agus a Dó. Ní mór dréachtghníomhartha 3.1 agus 3.2, ag cumhdach bailiúcháin agus dáiliúcháin eolais d'fhormáidí náisiúnta, teacht roimh ghníomhartha 3.3, 3.4 agus 3.6. Tá dréachtghníomh 3.5 bunaithe cheana féin. Meastar go gcríochnófar é laistigh de réise Céime a hAon. Cé gur gá réamhobair do dhréachtghníomh 3.6 is féidir é a bheith laistigh de chreat atá ann cheana féin agus tá sé i gceist dá bhrí sin é a bheith ina chuid de Chéim a hAon. Ba chóir dréachtghníomhartha 3.3 agus 3.4 a thosú, b'fhéidir le tionscadail phíolótacha, i gCéim a hAon len iad a fhorleathadh i gCéim a Dó.

Tá *téama gníomhaíochta 4* freagrach as deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh na caighdeáin náisiúnta do chur síos agus do chatalógú tírdhreacha deimhin d'anailís ar cháilíocht tírdhreacha ar leibhéal náisiúnta, trí chomhoibriú eolaíoch náisiúnta agus Eorpach. Tá dlúthghaol ag téama gníomhaíochta 4 le téamaí 2 agus 3, go sonrach

dréachtghníomhartha 2.3, 2.5, 2.6, 3.1, 3.2, agus 3.4. Tarlóidh an phríomhobair i dtéama Gníomhaíochta 4 i gCéim a Dó, ar a shon sin, bheadh sé fíor úsáideach go dtosódh na trí ghníomh i gCéim a hAon.

3.2 Spriocanna feidhmiúcháin

Baineann na Dréachtchuspóirí feidhmiúcháin le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa [sainbheartas *E*]. Déanann siad comhghaolmharú agus grúpáil ar ghníomhartha na gceithre théama a forbraíodh thuas. Cuimseoidh a bhformhór obair thar réise an dá chéim den Straitéis Náisúnta Tírdhreacha.

Moltar na dréachtspriocanna feidhmiúcháin seo a leanas:-

Sprioc Feidhmiúcháin 1:

Struchtúr nó líonra idir-rannach a bhunú, le húdarás cuí áitiúil agus ionadaíocht chomhlachta stáit, agus eagraíochta neamhrialtasaí / meicníochtaí rannpháirtíochta poiblí:

a. Maoirsiú agus monatóireacht ar fheidhmiúchán na sprioc agus na ngníomhartha a leagtar amach sa Straitéis Náisúnta Tírdhreacha, dul i bplé le Comhairle na hEorpa [Rannóg Pleanála Spásúlachta agus Tírdhreacha],
b. Scrúdú agus feidhmiú a dhéanamh ar mheicníochtaí cistíochta le tacaíocht a thabhairt don Straitéis Náisúnta Tírdhreacha ar leibhéal náisiúnta, agus
c. tuairisciú on phríomhroinn rialtais.

Tá Sprioc 1 ina réamhriachtanas agus ní mór é a bheith ina chéadghníomh de Chéim a hAon.

Déanfaidh an comhlacht feidhmiúcháin comhordú ar na spriocanna seo a leanas:

Sprioc Feidhmiúcháin 2:
Spriocanna tírdhreacha a bheith ina gcuid dílis de na polasaithe agus na gclár uile forbartha agus de na cláir náisiúnta traenála / oideachais.

Déanann Sprioc 2 grúpáil ar aidhmeanna na ndréachtghníomhartha 2.3, 2.4, 2.5, 3.1, 3.4, 4.1. Tosóidh sé i gCéim a hAon agus leathnófar ar an bhfeidhmiúchán tríd síos go deireadh Céime a Dó.

Sprioc Feidhmiúcháin 3: Coimisiúnú a dhéanamh ar luachálacha tréimhsiúla ar reachtaíocht agus polasaí ábhartha Eorpach agus déanamh polasaí na hÉireann a choimeád ar an eolas maidir le tírdhreach agus moltaí a dhéanamh maidir le struchtúir nua, beartais nó gníomhaíochtaí a chabhródh le spriocanna na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha a chur chun cinn.

Tarraingíonn sprioc 3 ar dhréachtghníomh 2.2. Meastar go dtosóidh sé i gCéim a hAon agus go leanfaidh sé trí Chéim a Dó. Is gá feidhmiúchán na sprice seo le cion tairbhe a thabhairt don phróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe.

Sprioc Feidhmiúcháin 4:
Slánchuid a dhéanamh de spriocanna tírdhreacha sna pleananna, polasaithe agus sna cláir uile a dhéanann údaráis áitiúla agus réigiúnacha, boird forbartha cathrach agus contae, comhlachtaí stáit, agus

a. struchtúir a chur ann le deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmítear an polasaí seo trí spriocanna polasaí a fhorbairt.
b. tosaíocht chuí a chinntiú do spriocanna tírdhreacha in ardfhlaitheas polasaithe agus feidhmiúcháin a gcuid feidhmeanna reachtúla.

Oibríonn Sprioc 4 i dtreo aidhmeanna na ndréachtghníomhartha 1.2, 1.3, 3.2, 3.4, agus 4.1. Oibreoidh sé thar réise an dá chéim den Straitéis Náisúnta Tírdhreacha.

Sprioc Feidhmiúcháin 5:
Treoir oiriúnach a sholáthar d'údaráis phleanála (áitiúil agus réigiúnach) agus do chomhlachtaí stáit agus neamh-rialtasacha le cumasú a dhéanamh ar fheidhmiúchán na ngníomhartha uile ábhartha ag an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha lena ngabhann na húdaráis agus na comhlachtaí seo nó ina mbíonn siad rannpháirteach.

Tá Sprioc 5 ábhartha d'aidhmeanna na ndréachtghníomhartha 1.1, 1.3, 2.1, 2.3, 4.3. Táthar ag súil le treoir ar líonra náisiúnta tírdhreacha / measúnú tréithíochta tírdhreacha a fhoilsiú laistigh de Chéim a hAon.

Sprioc Feidhmiúcháin 6:
Sonraí a sholáthar agus a choimeád atá sothuigthe agus inrochtain don phobal ar leibhéal rochtana áitiúil ar shuirbhéireachtaí agus ar mheasúnuithe tírdhreacha, le súil le forbairt a dhéanamh ar acmhainn a fhorbairt ar shuirbhéireachtaí a chomhghaolmharú agus a fhorleagan d'fhonn ceadú d'anailís chuimsitheach ar thírdhreach dóibh sin a mhaireann, a oibríonn agus a úsáideann an tírdhreach, a thugann turas ar an tírdhreach nó atá ag machnamh ar mholtaí ag a mbeadh tionchar ionchasach ar an tírdhreach.

Cuimsíonn Sprioc 6 dréachtghníomhartha 1.1, 2.1, 2.4, 2.5, 3.1. Ba chóir tosú ar fhaisnéis a sholáthar i gCéim a hAon. Ar a shon sin, is dócha go ndéanfar acmhainn tógála idirghníomhach i gCéim a Dó.

Sprioc Feidhmiúcháin 7:
Déanfaidh an comhlacht feidhmiúcháin athbhreithniú ar fheidhmiú na straitéise gach cúigiú bliain, le breathnú, i measc nithe eile, ar dhul chun cinn ar:

a. Comhtháthú taighde ar thírdhreach i ngníomhaíochtaí agus i spriocanna
b. Bunú meicníochtaí agus aschuir a bhaint amach ar rannpháirtíocht phoiblí
c. Tionchar measúnuithe tréithíochta tírdhreacha a dhéantar ar leibhéal údaráis áitiúil agus réigiúnach ar fhoirmliú polasaí
d. Traenáil agus oideachas i dtírdhreach, agus
e. Éifeachta comhairliúcháin le, agus rannpháirtíocht, leasa earnálacha, comhlachtaí stáit, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus grúpa sochaí saoránach, i bhfeidhmiúchán na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha

Déanfar sprioc 7 a fheidhmiú san ullmhúchán do dheireadh an dá chéim den Straitéis Náisúnta Tírdhreacha

3.3 Creat Feidhmiúcháin agus Monatóireachta

Déanfar bainistíocht ar fheidhmiúchán na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha laistigh de chreat na n-acmhainní atá leagtha amach sa straitéis buiséid cheithre bliana.

Mar atá lagtha amach i bhFeidhmiúchán ar Sprioc 1 meastar go ndéanfar an Straitéis Náisúnta Tírdhreacha a chomhordú ag comhlacht feidhmiúcháin comhdhéanta de struchtúr nó líonra idir-rannach. Ainmneofar na ranna nó na comhlachtaí a bheidh freagrach as spriocanna nó gníomhaíochtaí ghrúpaí tar éis aighneachtaí poiblí a bheith measta. Tuairisceoidh gach ceann díobh to tréimhsiúil don chomhlacht feidhmiúcháin agus láithreoidh siad dul chun cinn agus iarrfaidh / tairgeoidh comhairle mar a fheictear a bheith cuí le linn na spriocanna a bheith á gcur i ngníomh. Ceapfar na struchtúir feidhmiúcháin le cuimsiú a dhéanamh ar ionadaíocht nó comhairliúchán mar is cuí, le hionadaíocht a dhéanamh ar raon leathan leasa agus cuimseofar na leibhéil éagsúla riaracháin.

Feidhmeoidh an struchtúr nó an líonra idir-rannach spriocanna laistigh de na dlíthe, na rialacháin agus na polasaithe atá ann cheana féin. Tarlóidh réalú mórán gníomhaíochtaí trí chomhordú ar chomhlachtaí náisiúnta, earnálacha agus áitiúla ag déanamh ionadaíochta ar chineálacha éagsúla úsáideora talún agus leasa sochaí saoránach, arna chainéalú tríd an gcóras pleanála úsáide talún ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Éileoidh feidhmiúchán ag teacht le meon Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa tarligean mórán freagrachta don sochaí saoránach, fíoréifeacht phoiblí ar fhoirmliú polasaithe ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus comhdhéanamh cinntí. Cabhróidh an comhlacht feidhmiúcháin leis na húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta le héifeacht a thabhairt don Straitéis Náisúnta Tírdhreacha

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiúchán na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha ar bhonn tréimhsiúil – ag deireadh na chéad chéime agus gar do dheireadh na dara céime – le fáil amach an bhfuil sé á dhéanamh mar a bhí beartaithe agus le hathruithe ar déanadh machnamh orthu a dhéanamh ar na spriocanna nó ar a bhfeidhmiúchán mar a bheadh inmhianaithe nó á éileamh le himeacht aimsire. Beidh an tuarascáil seo ar ‘staid an tírdhreach’ ina meicníocht lena leithéidí d’athbhreithnithe a fhoilsiú. Déanfaidh an Roinn a bheidh freagrach as an Straitéis comhthadhaill le Comhairle na hEorpa agus leis na tíortha

comhpháirtíochta, go háirithe le Tuaisceart Éireann, mar chuid dá freagrachtaí monatóireachta agus maoirseachta.

GLUAIS TÉARMAÍ

Measúnúchán Cuí	Ráiteas fócasaithe mioninsteach ar mheasúnú tionchair impleachtaí plean nó tionscadail, ann féin agus i gcumasc le pleananna agus tionscadail eile, ar shláine láithreáin Natura 2000 i bhfianaise a spriocanna caomhantais.
Bithéagsúlacht:	Éagsúlacht na beatha ar an bplainéad agus conas a idirghníomhaíonn sí laistigh de ghnáthóga agus d'éiceachórais. Cuimsíonn bithéagsúlacht na plandaí, ainmhithe agus micreaorgánaigh uile ar thalamh agus in uisce
Measúnúchán Tionchair Chomhshaoil	Measúnú / ráiteas maidir leis na héifeachtaí ionchasacha ar an gcomhshaol ag tionscadal nó forbairt atá beartaithe mar bhóthar nua nó fearas cóireála fuíolluisce, ag áireamh conas a thabharfar aghaidh ar aon dhianéifeachtaí ar an gcomhshaol.
Éiceachóras:	Pobal orgánach a bhraitheann ar a chéile agus ar an gcomhshaol a áitíonn siad
Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa:	Ionstraim atá tiomanta do chosaint, bainistíocht agus pleanáil na dtírdhreach uile san Eoraip, agus sin uile. Atáirgthe go hiomlán in Aguisín 1
Earraí poiblí comhshaoil:	Earraí críochta nó in-athnuaite, nádúrtha agus de dhéantús an duine araon, atá ar fáil don phobal i bpáirt, mar shampla aer glan, uisce glan, fásra, ainmhithe, tránna, páirceanna poiblí
Treoir AE	Acht reachtaíochta den Aontas Eorpach, le ceanglas dlí ar na ballstáit dá seoltar iad, a éilíonn ar na baill sin an dlí náisiúnta a leasú le géilleadh don treoir
Infreastruchtúr glas:	Líonraí atá pleanáilte agus bainistithe go straitéiseach de thailte nádúrtha, tírdhreacha oibre agus spásanna eile oscailte a chaomhnaíonn luachanna agus feidhmeanna éiceachóras, agus a sholáthraíonn na leasa a ghabhann leo do dhaonraí daonna

Scoileanna Glasa:	Clár oideachais agus scéim dámhachtana comhshaoil idirnáisiúnta (arna comhordú in Éirinn ag An Taisce)
Gnáthóg	An limistéar áitithe ag pobal nó speiceas (grúpa ainmhithe nó plandaí), mar shraith talún foraoise, fásach nó trá Measúnúcháin Straitéisigh Chomhshaoil
measúnú tréithíochta tírdhreacha	Sonraí agus faisnéis idircheangailte ar chruth, acmhainní nádúrtha, tábhacht cultúrtha agus eacnamaíochta, éiceolaíochta, acmhainn shóisialta agus chultúrtha aonaid tírdhreacha
Láithreán Natura 2000	Líonra de láithreáin thábhachtacha éiceolaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh , comhdhéanta de Cheantair faoi Chosaint Speisialta (CCSanna) agus Ceantar Speisialta Caomhnaithe (CSCanna)
REPS	Scéim a ceapadh le cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoireacht chairdiúil don chomhshaol, a reáchtaigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Tá sé iata anois
Measúnúchán Straitéiseach Comhshaoil	Measúnú ar na héifeachtaí suntasacha ionchasacha comhshaoil ag pleananna agus cláir sula ghlactar leo
Forbairt inbhuanaithe:	Forbairt ag úsáid talún nó foinsí fuinnimh ar bhealach a dhéanann freastal ar riachtanais daoine inniu gan dochar do chumas na nglún atá le teacht le freastal ar a riachtanais féin

AGUISÍN I TÉACS CHOINBHINSIÚIN TÍRDHREACHA NA HEORPA IN ÉINEACHT LE FAISNÉIS MHÍNIÚCHÁIN

COINBHINSIÚN TÍRDHREACHA NA HEORPA

Flórans, 20.X.2000

Brollach

Ballstáit Chomhairle na hEorpa sínitheoirí leis seo,

De bhrí gurb é aidhm Chomhairle na hEorpa é níos mó aontaithe a bhaint amach idir a cuid ball chun críche cosaint agus réalú a dhéanamh ar na barrshamhla agus na prionsabail atá ina gcomhoidhreacht acu, agus go leantar den aidhm seo go háirithe trí chomhaontuithe sna réimsí eacnamaíochta agus sóisialta;

Le cúram forbairt inbhuanaithe a bhaint amach bunaithe ar chaidreamh cothrom comhchuibhithe idir riachtanais shóisialta, gníomhaíocht eacnamaíochta agus an comhshaol;

Ag tabhairt faoi deara go bhfuil ról tábhachtach leasa poiblí ag tírdhreach sna réimsí cultúrtha, éiceolaíochta, comhshaoil agus sóisialta, agus gurb acmhainn fabhrúil é do ghníomhaíocht eacnamaíochta agus go bhféadfadh a chosaint, a bhainistíocht agus a phleanáil cion a dhéanamh do chruthú postanna;

Feasach go dtugann an tírdhreach cion tairbhe d'fhoirmliú cultúr áitiúla agus gur comhdhéantasach bunaidh é d'oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha na hEorpa, ag cuidiú le folláine daonna agus do dhaingniú na féiniúlachta Eorpaigh;

Ag admháil go bhfuil an tírdhreach ina chuid thábhachtach de cháilíocht na beatha do dhaoine i ngach aon áit: i gceantair uirbeacha agus sa taobhtíre, i gceantair dhíghrádaithe chomh maith le ceantair ardchaighdeáin, i gceantair a aithnítear a bheith ina gceantair shárscéimhe chomh maith le gnáthcheantair;

Ag nótáil go bhfuil forbairtí i dtalmhaíocht, foraoiseacht, teicníceanna táirgíochta tionsclaíocha agus mianraí agus i bpleanáil réigiúnach, pleanáil baile, iompar, infreastruchtúr, turasóireacht agus áineas agus, ar leibhéal níos ginearálta, athruithe ar eacnamaíocht an domhain i mórán cásanna ag brostú athchóirithe na dtírdhreach;

Le fonn freagairt do mhian an phobail taitneamh a bhaint as tírdhreacha ardchaighdeáin agus le páirt ghníomhach a bheith acu i bhforbairt thírdhreacha;

Ag creidiúint go bhfuil tírdhreach in eilimint bhunúsach d'fholláine indibhidiúil agus sóisialta agus go n-éilíonn a chosaint, a bhainistíocht agus a phleanáil cearta agus freagrachtaí do gach aon duine;

Agus ceann á thógáil de na téacsanna dlí atá ann ar leibhéal idirnáisiúnta i réimse cosanta agus bainistíochta na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha, pleanáil réigiúnach agus spásúlachta, féin-rialtas áitiúil agus comhoibriú trasteorann, go háirithe an Coinbhinsiún ar Chaomhnú Fiadhúlra agus Gnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Beirn, 19 Meán Fómhair 1979), An Coinbhinsiún um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta na hEorpa (Greanáda, 3 Dheireadh Fómhair 1985), Coinbhinsiún Eorpach ar Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (leasaithe) (Vaileite, 16 Eanáir 1992), An Coinbhinsiún Imlíne Eorpach ar Chomhar Trasteorann idir Phobail nó Údaráis Chríche (Maidrid, 21 Bealtaine 1980) agus a chuid prótacal breise, An Chairt Eorpach um Fhéinrialtas (Strasbourg. 15 Deireadh Fómhair 1985), An Coinbhinsiún ar Bhithéagsúlacht (Rio, 5 Meitheamh 1992), an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Oidhreachta Cultúrtha agus Nádúrtha an Domhain (Páras,16 Samhain 1972), agus an Coinbhinsiún um Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht i nDéanamh Cinnidh agus Rochtain ar Cheartas ar Cheisteanna Comhshaoil (Aarhus, 25 Meitheamh 1998);

Ag admháil gur comh- acmhainn iad cáilíocht agus éagsúlacht thírdhreach na hEorpa agus go bhfuil sé tábhactach comhoibriú a dtreo a chosanta, bainistíochta agus pleanála;

Le méin ionstraim nua tiomanta do chosaint, bainistíocht agus pleanáil na dtírdhreach uile san Eoraip, agus sin uile, a sholáthar,

Chomhaontaigh siad mar a leanas:

CAIBIDIL 1 – FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 - Sainmhínithe

Chun críche an Choinbhinsiúin:

a Ciallaíonn “tírdhreach” limistéar, mar a fheictear do mhuintir na háite, go bhfuil a thréithe ina dtoradh ar ghníomhaíocht agus idirghníomhaíocht fhachtóirí nádúrtha agus/nó daonna.

b Ciallaíonn “polasaí tírdhreacha” léiriú ag na húdaráis inniúla poiblí ar phrionsabail ghinearálta, straitéisí agus treoirlínte a cheadaíonn sainbheartais dírithe ar chosaint, bhainistíocht agus phleanáil tírdhreacha;

c Ciallaíonn “Sprioc Ardcháilíochta Tírdhreacha”, do thírdhreach sonraithe, foirmliú uaillmhianta an phobail ag na húdaráis inniúla poiblí maidir le gnéithe tírdhreacha a dtimpeallachta;

d Ciallaíonn “cosaint tírdhreacha” gníomhartha le caomhnú agus cothabháil ar ghnéithe suntasacha nó saintréithe, dlite de bhun a luach oidhreachta díortha óna leagan amach nádúrtha agus/nó ó ghníomhaíocht dhaonna;

e Ciallaíonn “bainistíocht tírdhreacha” gníomh, ó thaobh na forbartha inbhuanaithe, le deimhin a dhéanamh de chothabháil tírdhreacha, d'fhonn treoir agus comhchuibhiú a dhéanamh ar athruithe a tharlaíonn de bhun próiseas sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil;

f Ciallaíonn “pleanáil thírdhreacha” gníomhaíocht láidir fhadcheannach le tírdhreach a fheabhsú, a athshlánú nó a chruthú.

Airteagal 2 - Scóp

Faoi réir ag na forálacha in Airteagal Article15, baineann an Coinbhinsiún seo le críoch uile na bPáirtithe agus cumhdaíonn ceantair nádúrtha, thuaithe, uirbeacha agus peirea-uirbeacha. Cuimsíonn sé ceantair thalún, uisce intíre agus muirí. Baineann sé le

tírdhreacha a cheapfaí a bheith sárscéimheach chomh maith le gnáth-thírdhreacha agus tírdhreacha díghrádaithe.

Airteagal 3 – Aidhmeanna

Is iad is aidhmheanna an Choinbhinsiúin seo ná cur chun cinn cosanta, bainistíochta agus pleanála tírdhreacha, agus eagar a chur ar chomhoibriú Eorpach ar cheisteanna tírdhreacha.

CAIBIDIL II – BEARTAIS NÁISIÚNTA

Airteagal 4 – Roinnt freagrachtaí

Feidhmeoidh gach Páirtí ar leith an Coinbhinsiún seo, go háirithe Airteagail 5 agus 6, de réir roinnt na gcumhachtaí aige féin, ag teacht lena phrionsabail bhunreachtúla agus a chuid socruithe riaracháin, agus le beann ar phrionsabal na coimhdeachta, agus ceann a thógáil de Chairt na hEorpa ar Fhéin-rialtas Áitiúil. Gan mhaolú ó fhorálacha an Choinbhinsiúin seo, déanfaidh gach aon Pháirtí comhchuibhiú ar fheidhmiúchán an Choinbhinsiúin seo lena pholasaithe féin.

Airteagal 5 – Beartais ghinearálta

Gabhann gach Páirtí le n'Ais:

a Tírdhreacha a aithint de réir dlí mar chomhdhéantasaigh riachtanacha de thimpeallacht na ndaoine, léiriúchán ar éagsúlacht a n-oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha i bpáirt, agus dúshraith dá bhféiniúlacht;

b polasaithe tírdhreacha a bhunú agus a fheidhmiú, dírithe ar chosaint, ar bhainistíocht agus ar phleanáil trí na sainbheartais atá leagtha amach in Airteagal 6 a ghlacadh;

c próisis a bhunú do rannpháirtíocht an phobail, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus páirtithe eile le leas i sainmhíniú agus feidhmiúchán na bpolasaithe tírdhreacha a luaitear i bparagraf *b* thuas;

d tírdhreach a chomhtháthú ina pholasaithe pleanála réigiúnacha agus baile agus ina pholasaithe cultúrtha, comhshaoil, talmhaíochta, sóisialta agus eacnamaíochta, chomh maith le polasaithe eile le tionchar ionchasach díreach nó indíreach ar thírdhreach.

Airteagal 6 – Sainbheartais

A Méadú feasachta

Gabhann gach aon Pháirtí le n'ais feasacht a mhéadú i measc an tsochaí saoránaí, eagraíochtaí príobháideacha, agus údaráis áitiúla ar luach thírdhreach, a ról agus athruithe orthu.

B *Traenáil agus oideachas*

Gabhann gach aon Pháirtí le n'ais cur chun cinn a dhéanamh ar:

a traenáil do speisialtóirí i measúnúchán agus oibriúcháin tírdhreacha;

b cláir ildisciplíne traenála i bpolasaí, cosaint, bainistíocht agus pleanáil tírdhreacha do ghairmiúlaigh sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí agus d'eagraíochtaí lena mbaineann;

c cúrsaí scoile agus ollscoile a thugann aghaidh, sna réimsí cuí ábhar, ar na luachanna a bhaineann le tírdhreacha agus na ceisteanna a eascrann as a gcosaint, a mbainistíocht agus a bpleanáil.

C *Aithint agus measúnúchán*

1 Le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara, mar atá leagtha síos in Airteagal 5.*c*, agus le súil le feabhas a chur ar eolas ar a thírdhreacha, gabhann gach aon Pháirtí le n'ais:

a i a chuid tírdhreacha féin ar fud a chríche a aithint;

ii anailís a dhéanamh ar a dtréithíochtaí agus ar na fórsaí agus na brúnna a dhéanann claochlú orthu;

iii Nótáil a dhéanamh ar athruithe;

b measúnú a dhéanamh ar na tírdhreacha a aithnítear ar an mbealach sin, ag tógáil ceann de na sainluachanna a shanntar dóibh ag páirtithe leasmhara agus ag an bpobal ábhartha.

2 Treorófar na próisis aitheantais agus measúnaithe seo ag na malartaithe taithí agus modheolaíochta, eagraithe idir na Páirtithe ar leibhéal Eorpach faoi réir ag Airteagal 8.

D Spriocanna ardcháilíochta tírdhreacha

Gabhann gach Páirtí ar leith le n'ais spriocanna ardcháilíochta tírdhreacha a shainmhíniú do na tírdhreacha aitheanta agus measúnaithe, ar lorg comhairliúcháin phoiblí ag teacht le hAirteagal 5.*c.*

E Feidhmiúchán

D'fhonn polasaithe tírdhreacha a chur i bhfeidhm, gabhann gach Páirtí ar leith le n'ais ionstraimí a thabhairt isteach, dírithe ar chosaint, ar bhainistíocht agus/ nó ar phleanáil an tírdhreacha.

CAIBIDIL III – COMH-OIBRIÚ EORPACH

Airteagal 7 – Polasaithe agus cláir Idirnáisiúnta

Gabhann na Páirtithe le n'ais comhoibriú maidir le plé ar an diminsin tírdhreacha de pholasaithe agus chláir idirnáisiúnta, agus le moladh a dhéanamh, nuair is ábhartha, iad a chuimsiú i gcúrsaí tírdhreacha.

Airteagal 8 – Cúnamh frithpháirteach agus malartú faisnéise

Gabhann na Páirtithe le n'ais comhoibriú d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht na mbeartas a dhéanfar faoi airteagail eile an Choinbhinsiúin seo, agus go háirithe:

a Cúnamh teicniúil agus eolaíoch a thabhairt dá chéile i gcúrsaí tírdhreacha trí chomhthiomsú agus malartú taithí, agus torthaí ar thionscadail taighde;

b malartú speisialtóirí tírdhreacha go háirithe chun críche traenála agus faisnéise;

c faisnéis a mhalartú ar na hábhair uile a chlúdaíonn forálacha an Choinbhinsiúin.

Airteagal 9 – Tírdhreacha Trasteorann

Spreagfaidh na Páirtithe comhoibriú trasteorann ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus, mar is gá, ullmhóidh agus feidhmeoidh siad comhchláir thírdhreacha.

Airteagal 10 – Monatóireachta ar fheidhmiúchán an Choinbhinsiúin

1 Ainmneoidh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa Coistí de Shaineolaithe atá ann cheana féin a bunaíodh faoi Airteagal 17 de Reacht Chomhairle na hEorpa le bheith freagrach as monatóireacht ar fheidhmiúchán an Choinbhinsiúin.

2 Ar lorg gach cruinnithe ar leith de Choistí na Saineolaithe, cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa tuarascáil ar an obair a rinneadh agus ar fheidhmiúchán an Choinbhinsiúin chuig Coiste na nAirí.

3 Molfaidh na Coistí Saineolaithe do Choiste na nAirí, na critéir agus na rialacha do dhámhachtain Tírdhreacha Chomhairle na hEorpa.

Airteagal 11 – Dámhachtain Tírdhreacha Chomhairle na hEorpa

1 Gradam is ea dámhachtain Chomhairle na hEorpa gur féidir a bhronnadh ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ar a ngrúpála a thionscain, mar chuid de pholasaí tírdhreacha Pháirtí don Choinbhinsiún seo, polasaí nó beartais do chosaint, bainistíocht agus / nó pleanáil a dtírdhreacha, agus ag a raibh buanéifeacht agus gur féidir dá bhrí sin iad a úsáid mar eiseamláir d'údaráis eile críche san Eoraip. Is féidir chomh maith an gradam a bhronnadh ar eagraíochtaí neamh-rialtasacha a thug cion tairbhe fíorshuntasach do chosaint, do bhainistíocht nó do phleanáil tírdhreacha.

2 Cuirfidh na Páirtithe iarratais ar dhámhachtain Tírdhreacha Chomhairle na hEorpa chuig Coiste na Saineolaithe a luadh in Airteagal 10. Tig le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha trasteorann agus grúpaí d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha ábhartha iarratas a dhéanamh ar choinníoll go ndéanann siad comhbhainistíocht ar an tírdhreach a bhíonn i gceist.

3 Ar mholtaí ó na Coistí Saineolaithe a luaitear in Airteagal 10 déanfaidh Coiste na nAirí sainiú agus foilsiú ar na critéir do bhronnadh dámhachtain Tírdhreacha Chomhairle na hEorpa, glacfaidh na rialacha ábhartha agus bronnfaidh an Dámhachtain.

4 Deontar dámhachtain Tírdhreacha Chomhairle na hEorpa le spreagadh a dhéanamh orthu sin a fhaigheann an dámhachtain le deimhin a dhéanamh de chosaint, bainistíocht agus / nó pleanáil na gceantar tírdhreacha a bhíonn i gceist.

CAIBIDIL IV – CLÁSAIL DHEIRIDH

Airteagal 12 – Gaol le hionstraimí eile

Ní dhéanfaidh forálacha an Choinbhinsiúin seo dochar d'fhorálacha níos déine maidir le cosaint, bainistíocht agus pleanáil tírdhreacha in aon ionstraimí ceangailteacha eile náisiúnta nó idirnáisiúnta atá ann cheana féin nó a bheidh ann sa todhchaí.

Airteagal 13 – Síniú, daingniú agus teacht i bhfeidhm

1 Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt le síniú ag Ballstáit Chomhairle na hEorpa. Beidh sé faoi réir ag daingniú, glacadh agus faomhadh. Cuirfear ionstraimí daingnithe, glactha nó faofa i dtaisce le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

2 Tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse de thrí mhí tar éis an dáta ar a bheidh deich mBallstát de Chomhairle na hEorpa tar éis a dtoiliú a chur in iúl do bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún faoi réir ag na forálacha sna hailt roimhe seo.

3 Maidir le haon Stát síniúcháin a chuireann a toiliú a bheith faoi cheangal aige in iúl ina dhiaidh sin, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse de thrí mhí tar éis dáta taiscithe na hionstraime daingnithe, glactha nó faofa.

Airteagal 14 - Aontachas

1 Tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm, tig le Coiste Airí Chomhairle na hEorpa cuireadh a thabhairt do Chomhphobal na hEorpa agus d'aon Stát Eorpach nach ball de Chomhairle na hEorpa é, aontachtú don Choinbhinsiún trí chinneadh móraimh mar a fhoráiltear in Airteagal 20.d de Reacht Chomhairle na hEorpa, agus trí vóta comhaontach na bpáirtithe Stáit i dteideal suíochán a shealbhú ar Choiste na hAirí.

2 Maidir le haon Stát aontachtach, nó Comhphobal na hEorpa i gcás a aontachta, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse

de thrí mhí tar éis dáta taiscithe na hionstraime aontachta le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

Airteagal 15 – Iarratas críche

1 Tig le Stát ar bith nó leis an gComhphobal Eorpach, ag tráth an tsínithe nó/agus a ionstraim dhaingnithe, ghlactha, fhaofa nó aontachta a bheith á taisceadh, sonrú a dhéanamh ar an gcríoch nó na críocha lena mbainfidh an Coinbhinsiún.

2 Tig le Páirtí ar bith, ar dháta níos déanaí, trí dhearbhú dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, feidhm an Choinbhinsiúin seo a shíneadh go dtí aon chríoch a shonraítear sa dearbhú. Tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir lena leithéid de chríoch ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse trí mhí tar éis dáta faighte an dearbhaithe ag an Ard-Rúnaí.

3 Is féidir aon dearbhú a dhéantar faoin dá pharagraf thuas a tharraingt siar, maidir le haon chríoch a luaitear ina leithéid de dhearbhú, trí fhógra dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Tiocfaidh an tarraingt siar i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse trí mhí tar éis dáta faighte an fhógra ag an Ard-Rúnaí.

Airteagal 16 - Séanadh

1 Tig le Páirtí ar bith, tráth ar bith, an Coinbhinsiún seo a shéanadh trí fhógra dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

2 Tiocfaidh an séanadh i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse trí mhí tar éis dáta faighte an fhógra ag an Ard-Rúnaí.

Airteagal 17 - Leasuithe

1 Tig le Páirtí ar bith nó leis an gCoiste Saineolaithe a luaitear in Airteagal 10 leasuithe a mholadh ar an gCoinbhinsiún seo.

2 Fógrófar aon mholadh ar leasúchán chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa a chuirfidh in iúl é do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, do na Páirtithe eile, agus d'aon neamh-Bhallstát ag a bhfuil cuireadh faighte aontachtú leis an gCoinbhinsiún seo ag teacht le forálacha Airteagail 14.

3 Déanfaidh na Coistí Saineolaithe a luaitear in Airteagal 10 scrúdú ar aon leasú a mholtar agus cuirfear an téacs lena nglacann móramh de thrícheathrú d'ionadaithe na bPáirtithe go Coiste na nAirí le faomhadh. Tar éis a ghlactha ag Coiste na nAirí leis an móramh a fhoráiltear in Airteagal 20.d de Reacht Chomhairle na hEorpa agus le vóta comhaontach páirtithe na Stát atá i dteideal suíocháin ar Choiste na nAirí, cuirfear an téacs chuig na Páirtithe lena ghlactha.

4 Tiocfaidh aon leasú a dhéantar i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse de thrí mhí tar éis an dáta ar chuir trí Bhallstáit de Chomhairle na hEorpa a n-inghlacthachta in iúl don Ard-Rúnaí. Maidir le haon Pháirtí a ghlacann leis ina dhiaidh sin, tiocfaidh aon leasú dá leithéid i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis éaga tréimhse de thrí mhí tar éis an dáta ar chuir an Páirtí sin a n-inghlacthacht in iúl don Ard-Rúnaí.

Airteagal 18 - Fógraí

Fógróidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, aon Stát nó Comhphobal na hEorpa a bheith aontachta don Choinbhinsiún seo, mar gheall ar :

a aon síniú;

b taisce ar aon ionstraim dhaingnithe, ghlacthachta, faofa nó aontachta;

c aon dáta teachta i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo ag teacht le hAirteagail 13, 14 agus 15;

d aon dearbhú a dhéantar faoi Airteagal 15;

e aon séanadh a dhéantar faoi Airteagal 16;

f aon mholadh ar leasúchán, aon leasúchán ar glacadh leis faoi réir ag Airteagal 17 agus an dáta ar a dtagann sé i bhfeidhm;

g aon ghníomh, fhógra, fhaisnéis nó cumarsáid eile maidir leis an gCoinbhinsiún seo.

Á fhianú sin tá an Coinbhinsiún seo sínithe ag na sínitheoirí ceart údaraithe thíos.

Déanta sa bhFlórans, an 20ú Lá seo de Mheán Fómhair 2000, i mBéarla agus i bhFraincis, an dá théacs a bheith comhbharántúil, i gcóip shingil chuirfear i dtaisce i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Seolfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe do gach Ballstát de Chomhairle na hEorpa agus d'aon Stát nó do Chomhphobal na hEorpa fuair cuireadh a bheith aontachta don Choinbhinsiún seo.

Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa: faisnéis míniúcháin:

1.0 Tús eolais ar Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa

Glacadh le Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa in 2000 (Flórans) agus dhaingnigh Éire é in 2002. Tháinig sé i bhfeidhm ar an 1ú Márta 2004. Leagann daingniú an Choinbhinsiúin dualgas ar stát an Coinbhinsiún a fheidhmiú, ag teacht lena phrionsabail bhunreachtúla agus a chuid socruithe riaracháin, agus le beann ar phrionsabal na coimhdeachta (Caibidil ll – Beartais náisiúnta).

Cumhdaíonn an tírdhreach, mar atá sainmhínithe ag Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, an chríoch náisiúnta, talamh, uisce intíre agus muirdhreacha na mballstát ar leith san áireamh. Comhthagrann sé do cheantair nádúrtha, thuaithe, uirbeacha agus peirea-uirbeacha, ó shárscéimhe go díghrádaithe. Go hachomair, cumhdaíonn sé an comhshaol fisiciúil ar fad mar a shonraíonn gach tír ar leith ar dhaingniú an Choinbhinsiúin di.

2.0 Cuspóir Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa

Baineann Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa le gardáil comhshaol fisiciúil na hEorpa ar mhórán cúiseanna.

- Acmhainn eacnamaíochta is ea an tírdhreach (tá cothaithigh shlánaitheacha ann, coinníonn sé ár gcúltacaí uisce, glanann sé ár n-aer) agus cuireann le sainiúlacht agus le hiomaíochas – nithe ag a mbíonn éifeacht ar shuiteáil gnó agus tionsclaíochta
- Táirgeann freastal íogair ar an tírdhreach buntáistí cultúrtha, éiceolaíochta, comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochta

- Bíonn éifeacht ag tírdhreach ar cháilíocht na beatha do dhaoine cibé acu uirbeach, fobhailteach nó tuaithe é laistigh dá gceantairghnáth
- Is comhdhéantasach bunúsach é den oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha a chuidíonn le folláine agus le féiniúlacht an duine

Tá cur chuige nua agus cuimsitheach sa Choinbhinsiún do chosaint, bhainistíocht agus phleanáil tírdhreacha a admhaíonn go n-athraíonn tírdhreacha le himeacht aimsire agus cuimsíonn sé déanamh cinnidh go héifeachtach agus go daonlathach ar cheisteanna tírdhreacha. Soláthraíonn sé mórán uirlisí agus próiseas úsáideacha le cabhrú le náisiún a thírdhreach a thuiscint agus le hathrú tírdhreacha a bhainistiú go héifeachtach.
Nótálann an Coinbhinsiún go bhfuil forbairtí i dtalmhaíocht, foraoiseacht, teicníceanna táirgíochta tionsclaíocha agus mianraí agus i bpleanáil spásúlachta turasóireachta agus áineasa agus, go ginearálta, athruithe ar eacnamaíocht an domhain i mórán cásanna ag brostú athchóirithe na dtírdhreach.

Nótálann Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa gur mian leis an bpobal taitneamh a bhaint as tírdhreacha ardchaighdeáin mar phríomh eilimint d'fholláine indibhidiúil agus sóisialta, agus le páirt ghníomhach a bheith acu i bhforbairt thírdhreach, agus nótálann sé go dtugann an chosaint, an bhainistíocht agus an phleanáil seo cearta agus freagrachtaí lena chois.[6]

Cuireadh an Coinbhinsiún le chéile le freastal ar riachtanais dhaonraí polasaithe ag a mbíonn éifeacht ar an gcríoch náisiúnta a thógann ceann de cháilíocht a dtimpeallachta a bheith acu. Ciallaíonn idirghníomhaíocht dhaonna gurb ann do cheangal siceolaíochta agus freagairt mhothúchánach don tírdhreach, as a d'eascair feasacht ar cháilíocht agus ar éagsúlacht mórán tírdhreach. Is aidhm don Choinbhinsiún an chóireáil ar thírdhreach a bheith daonlathach, agus ról gníomhach a bheith ag saoránaigh i ndéanamh cinnidh agus í a bheith ceaptha d'fhonn baint le gníomhartha tírdhreacha a bheith ag gach aon duine.

Cumhdaíonn na polasaithe atá le glacadh an chríoch náisiúnta ar fad agus baineann siad leis na comhdhéantasaigh uile cultúrtha, de dhéantús an duine agus nádúrtha an tírdhreacha agus leis an mbealach ina n-idircheanglaíonn siad. Dá bhrí sin is gá beartais a bheith inoiriúnaithe do chineálacha ar leith tírdhreacha, a bheidh, ag brath

[6] 2.2.3 and 2.2.4 referenced from Section 1.2 of Recommendation CM/Rec(2008)3 of the Committee of Ministers to member states on the guidelines for the implementation of the European Landscape Convention)

ar a saintréithe, i raon ó shainchaomhnú ag cruthú agus bainistíocht tírdhreacha nua uirbeacha, peirea-uirbeacha nó tuaithe. Tagairt le déanamh anseo go ginearálta do chomhthéacs trasteorann.[7]

3.0 Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa i ngníomh:

Go dtí seo tá Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa daingnithe ag ceithre thír is tríocha den seacht mballstát is daichead de Chomhairle na hEorpa. Tá tíortha áirithe nach bfhuil sé fós daingnithe acu, ainneoin sin, tar éis polasaithe agus cur chuige a leanann dá phrionsabail a bhunú. Is é an Rannóg Pleanála Spásúlachta agus Tírdhreacha Chomhairle na hEorpa comhlacht feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin.

4.0 Coinbhinsiúin agus treoracha, straitéisí agus tionscnaimh ábhartha

Mar a nótáladh sa bhrollach do Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, baineann Coinbhinsiúin roimhe seo le Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe le tírdhreach chomh maith, agus le rannpháirtíocht phoiblí sa díospóireacht faoi cheisteanna comhshaoil. Tá Éire ina sínitheoir ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Fiadhúlra agus Gnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Beirn 1979, daingnithe ag Éirinn 2002); An Coinbhinsiún um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta na hEorpa (Greanáda, 1985, daingnithe ag Éirinn 1997); An Coinbhinsiún ar Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Vaileite, 1992, daingnithe ag Éirinn 1997); an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Oidhreachta Cultúrtha agus Nádúrtha an Domhain (Páras, 1972, daingnithe ag Éirinn 1991); Coinbhinsiún Imlíneach na hEorpa ar Chomhoibriú Trasteorann idir Phobail nó Údaráis Chríche (Maidrid, 1980); Dearbhú NA ar Chomhshaol agus Fhorbairt (Rio, 1992 agus Clár 21; an Coinbhinsiún ar Bhithéagsúlacht (Rio, 1992); an Coinbhinsiún ar Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht an Phobail i nDéanamh Cinnidh agus Rochtain ar Cheartas ar Cheisteanna Comhshaoil (Aarhus, 1998). Le cois na gcoinbhinsiún seo, soláthraíonn Treoracha an Aontais Eorpaigh ar acmhainní agus ghnáthóga; Creatchoinbhinsiún NA ar Athrú Aeráide; moltaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh; Straitéis Forbartha Inbhuanaithe an AE 2006; treoirlínte, dearbhaithe agus moltaí earnálacha; prionsabal éiceachóras earraí agus seirbhísí na NA an comhthéacs reachtúil agus fealsúnachta atá ina fhráma don Straitéis Náisúnta Tírdhreacha.

[7] 2.2.5 agus 2.2.6 tagartha ó Rannán Section II paragraif 26, 27 agus 28 de Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa (ETS uimh. 176) Tuarascáil Mhíniúcháin)

AGUISÍN II

Ballraíocht Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisúnta Tírdhreacha[8]

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Cathaoirleach)
An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
An Roinn Pobail, Comhionannais agus Gnóthaí Gaeltachta

Comhairle Oidhreachta
Institiúid Tírdhreacha na hÉireann
Coillte
Teagasc
Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Comhairle Contae na Mí
Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathracha
Comhaontas Tídhreacha na hÉireann
An Taisce
Fáilte Ireland
Ionadaí feirmeoireachta

[8] Baineann cumraíocht na Rann thuas le dáta an chruinnithe deiridh den ghrúpa ar an 25/05/2010